Health and Safety Authority

# Tuarascáil Bhliantúil
# **2005**

# Saol oibre sláintiúil sábháilte a bhaint amach i gcomhpháirtíocht

# Clár Ábhar


**Tuairisc an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh 2**

**Achoimre Feidhmiúcháin 4**

**Eolas Eagrúcháin 8**

**1. Eochair-Earnálacha 13**

An Talmhaíocht agus An Fhoraoiseacht 14

An Tógáil 16

Mianaigh agus Cairéil 18

Seirbhísí Sláinte 20

Údaráis Áitiúla 21

Calafoirt agus Aerfoirt 22

An Déantúsaíocht 22

**2. Eochair-Ghuaiseacha 25**

Mórghuaiseacha Tionóisce 25

Substaintí Guaiseacha 25

Sábháilteacht Cheimiceach 26

Sláinteachas Saothair 26

Iompar agus Stóráil na nEarraí Contúirteacha 26

Láimhsiú 27

Sábháilteacht Innealra 28

Gluaiseachtaí Feithicle / Fearais san Ionad Oibre 29

**3. Cláir ar fud Gach Earnáil 30**

Sabháilteacht an Ionaid Oibre agus Bainistíocht Sláinte 30

Cur i bhFeidhm an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas san Ionad Oibre, 2005 30

Imscrúduithe Frithghníomhacha 31

Ionchúisimh agus Caingin Chúirte 31

Córais Fhorfheidhmithe 32

Socrúcháin Teagmhála leis an Ionad Oibre 32

Clár Cosanta Deonach 32

Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha 33

Micrea-Ghnó 33

Sláinte Saothair 34

Caidrimh Phreasa agus Phoiblí 34

Reachtaíocht agus Treoir 35

Éifeachtúlachtaí Inmheánacha 36

**Tuairiscí Airgeadais 37**

**Aguisíní 41**

Aguisín A: Imscrúdú agus Forfheidhmiú 42

Aguisín B: Reachtaíocht agus Gníomhaíocht Treorach i 2005 47

Aguisín C: Coistí Comhairleacha agus Grúpaí Oibre 56

Arna fhoilsiú i mí Aibreáin 2006 ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, 10 Plás Uí Ógáin, Baile Átha Cliath 2.

© Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a thaisceadh i gcóras aisghabhála, ná a thraschur i bhfoirm ná ar shlí ar bith, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile; gan cead a fháil roimhré ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Saol oibre sláintiúil sábháilte a bhaint amach i gcomhpháirtíocht

Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta 2005

LEATHANACH 1

# TUAIRISC ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH CHUIG AN AIRE GNÓTHAÍ SAOTHAIR, AN tUAS. TONY KILLEEN, T.D.

**Is cúis áthas dúinn Tuarascáil Bhliantúil Údarás Sláinte agus Sábháilteachta na hÉireann i gcomhair 2005 a chur faoi bhur mbráid.**

Is é an tÚdarás an comhlacht náisiúnta le freagracht i gcomhair sábháilteachta, sláinte agus leasa san obair.

Tá leithne oibre an Údaráis an-dúshlánach – cultúr feasachta a chruthú ina mbíonn an dá mhilliún duine atá ag obair in Éirinn ábalta é sin a dhéanamh go sábháilte.

Clúdaíonn ár réimse freagrachta gach cineál ionad oibre agus gach cineál oibre sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon. I measc na ndúshlán atá os comhair an Údaráis atá an éagsúlacht mhór sna cineálacha ionad oibre in Éirinn agus gur féidir na mílte daoine a bheith fostaithe acu nó gan a bheith fostaithe acu ach duine nó beirt.

I rith na bliana ab ea a thug an tÚdarás faoi chlár dúshlánach tionscnamh reachtúil ag an am céanna le clár cuimsitheach náisiúnta eolais, chur chun cinn, cosctha agus forfheidhmiúcháin. Thógamar caingean dlí nuair ba ghá chun géilliúlacht a chur i bhfeidhm, agus rinneamar imscrúdú agus ionchúiseamh tar éis tionóiscí a tharla in ionaid oibre ar fud na hÉireann.

Ba chloch mhíle shuntasach é tabhairt isteach an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Léiríonn an tAcht nuachóiriú dhlíthe sláinte agus sábháilteachta saothair, agus is í an chéad chéim í chun tuilleadh feabhsúchán a bhaint amach sa taifead náisiúnta ar shábháilteacht agus sláinte an ionaid oibre sna blianta amach romhainn. Tá a phríomhfhócas ar chosc tionóiscí, tinnis agus tárlúintí contúirteacha san ionad oibre. Foráiltear ann freisin i gcomhair fíneála agus pionóis mhéadaithe go suntasach a bheidh dírithe ar dhíspreagadh don mhionlach a sháróidh dlíthe sláinte agus sábháilteachta go fóill.

Sa bhliain 2005 ab ea a ceapadh ár nÚdarás mar an údarás inniúil i gcomhair REACH, clár Cláraithe, Measúnaithe agus Údaraithe Ceimiceán an AE. Déanfaidh REACH bunathrú suntasach ar fhorfheidhmiú na sábháilteachta ceimicí ar fud an AE.

Ba mhórfhócas dár gcuid oibre athrú iompair um shláinte agus sábháilteacht in Éirinn sa lá atá inniu ann. Rinneamar forbairt agus cur chun cinn ar chóid chleachtais agus treoirlínte maidir le sábháilteacht agus cosc tionóiscí in earnálacha éagsúla, agus bhunaíomar comhaontais agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha le páirtithe leasmhara chun ár gcuid oibre a chur chun cinn.

Ar an drochuair, áfach, bhí 73 bás mar thoradh ar thimpistí a bhaineann leis an obair in Éirinn i 2005. Is tragóid phearsanta gach ceann acu seo do mhuintir, cairde, comhghleacaithe, agus go deimhin féin d'fhostóirí na ndaoine i gceist.

**Gníomhóidh an tÚdarás chun gach lucht a chur ar an eolas maidir lena bhfreagrachtaí, agus cuirfidh siad an dlí i bhfeidhm don uasmhéid chun cultúr náisiúnta géilliúlachta a bhaint amach.**

Aisiompaítear leis seo freisin an treocht sa ráta báis a bhí socair nó ag laghdú ón mbliain 2000 i leith. Is méadú é an ráta báis i 2005 d'os cionn 20% ar 2004, staitistic nach bhfuil aon fháilte roimhe.

I 2005, mar fhreagra ar an ngníomhaíocht mhéadaithe sa gheilleagar ab amhlaidh a mhéadaigh an tÚdarás a chuid cigireachtaí faoi 19%. Bhí feachtais saindírithe á rith ag an Údarás sna hearnálacha ardphriacail talmhaíochta, tógála, mianadóireachta agus cairéalaithe.

Chuaigh an tÚdarás i mbun 40 ionchúiseamh, agus cuireadh fíneáil de €463,338 orthu siúd a ciontaíodh dá bharr. Bhí clúdach na meán cumarsáide i go leor de na cásanna seo mar rabhadh d'fhostóirí agus d'fhostaithe i ndáil le saincheisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa san ionad oibre.

Ag féachaint ar aghaidh don bhliain 2006 is amhlaidh atá dúshláin suntasacha amach romhainn chun sábháilteacht ionaid oibre a fheabhsú i dtimpeallacht chasta atá ag éirí níos éagsúla i rith an ama. Is í an teachtaireacht a bheidh an tÚdarás ag cur chun cinn ná go bhfuil sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre ina freagracht do gach duine – fostóirí, fostaithe agus comhghleacaithe. Gníomhóidh an tÚdarás chun gach lucht a chur ar an eolas maidir lena bhfreagrachtaí, agus cuirfidh siad an dlí i bhfeidhm don uasmhéid chun cultúr náisiúnta géilliúlachta a bhaint amach.

Is mian linn ár mbuíochas a gabháil leis an Aire Gnóthaí Saothair, Tony Killeen, T.D. agus lena oifigí as ucht a gcuid cúnaimh agus tacaíochta i rith na bliana, lenár mBord as ucht a dtreorach tiomanta agus tiomnaithe agus le foireann oibre ghairmiúil dhíograiseach an Údaráis as ucht a dtiomantas do chruthú timpeallachta oibre níos sláintiúla agus níos sábháilte do dhaoine ar fud na hÉireann.

**Jim Lyons**

Cathaoirleach

**Tom Beegan**

Príomhfheidhmeannach

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

**I rith 2005, chuir an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta mórchlár de shaothar reachtúil, coisctha, oideachais, comhairleach agus forfheidhmiúcháin i gcrích i go leor réimsí.**

Tugadh isteach an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus chuir an tÚdarás leibhéal suntasach comhairle agus anailíse teicniúla gairmiúla ar fáil don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an píosa reachtaíochta tábhachtach seo á réiteach.

Chuir an tÚdarás treoracha nua don Acht nua ar fáil agus nuashonraíodh treoirlínte um measúnú priacail, ráitis sábháilteachta, comhairleacht agus bainistiú sábháilteachta agus sláinte chun is go gcloífidís leis an Acht. Táimid réidh anois chun forálacha nua agus nuashonraithe éagsúla an Achta, a bheidh mar chrann taca dár straitéisí sa todhchaí, a chur i bhfeidhm.

Tá réimse forleathan freagrachta ag an Údarás, a chlúdaíonn gach ionad oibre, is cuma cé chomh beag nó cé chomh mór is atá sé. Is féidir aon rud a bheith i gceist leo seo idir cleachtas leictreora agus soitheach iascaigh, nó feirm, idir fiontair mhóra lena n-áirítear ospidéil, suímh thógála, oibriúcháin déantúsaíochta, tionscail cheimeacán agus oifigí mórchuideachtaí, agus go leor eile nach iad.

Dhírigh ár straitéis sa bhliain 2005 sa chéad dul síos ar sholáthar eolais, comhairle, cabhrach agus tacaíochta ar chaighdeáin sábháilteachta d'fhostóirí agus d'fhostaithe, agus sa dara dul síos le dul i mbun gnímh fhorfheidhmiúcháin i gcásanna neamh-ghéilliúlachta. Bhí fócas mór dár gcuid oibre dírithe ar athrú iompair san ionad oibre mar a mbaineann sé le sábháilteacht, sláinte agus leas thar gach earnáil. Rinneamar forbairt agus cur chun cinn ar chóid chleachtais i leith sábháilteachta agus chosc tionóiscí in earnálacha éagsúla, agus bhí feachtais réigiúnacha agus náisiúnta ar siúl againn ar fud na tíre.

Agus an t-údarás ag tabhairt aghaidhe ar na saincheisteanna éagsúla seo, bhunaigh sé córas teagmhála nua tiomnaithe i mí Iúil 2005. Sa chéad sé mhí dá fheidhmiú ab ea a láimhseáil an tAonad Teagmhála Ionaid Oibre 17,567 glao. Díobh seo b'iarratais i gcomhair eolais agus foilseachán a bhí i 15,343 acu, agus ba ghearáin faoi shábháilteacht ionaid oibre a bhí san fhuílleach. Léiríonn an méid suntasach teagmhálacha a fuaireamar an tsuim agus imní atá ann maidir le saincheisteanna sábháilteachta a bhfuilimid anois níos fearr ábalta tabhairt fúthu tríd an gcóras nua seo.

Bhí an tÚdarás freisin i mbun forbartha an Chláir Chosanta Dheonaigh (VPP) i gcomhar le Riarachán Sábháilteachta agus Sláinte Saothair Roinn Oibre na Stát Aontaithe (OSHA) agus Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann (HSENI). Tríd an tionscnamh seo is ea atá Éire tar éis éascú do chúig mhórchuideachta in Éirinn clár piolótach an VPP a fhorbairt, agus rinneadh iniúchadh agus creidiúnú ar phéire acu seo i 2005. Cuireann sé seo na cuideachtaí seo amach chun tosaigh ó thaobh nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta de.

**Bhí fócas mór dár gcuid oibre dírithe ar athrú iompair san ionad oibre mar a mbaineann sé le sábháilteacht, sláinte agus leas thar gach earnáil.**

**Sa chéad sé mhí dá fheidhmiú ab ea a láimhseáil an tAonad Teagmhála Ionaid Oibre 17,567 glao.**

Rinneadh dul chun cinn ar fhorbairt straitéise náisiúnta i gcomhair bainistíochta fadtéarmaí Shláinte an tSaothair. Tá sainghrúpa ag feidhmiú agus tá scóip an tionscadail leagtha síos chun bheith críochnaithe i 2006 chun comhairliúchan forleathan a áireamh ann leis na heagraíochtaí ar fad a bheidh ról acu i gcur i bhfeidhm a leithéide de straitéis.

Ba sa bhliain 2005 a ainmníodh an tÚdarás mar an t-údarás inniúil i gcomhair REACH, clár nua don Aontas Eorpach trí chéile dar teideal Clárú, Measúnú agus Údarú Ceimeacán. Athróidh an clár sin go bunúsach an bealach ina ndéanann an tionscal clárú, rangú, pacáistiú agus lipéadú ar tháirgí ceimiceacha. Cuirfidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta clár sainiúil REACH i bhfeidhm ó 2006 ar aghaidh.

**Ceapadh an tÚdarás freisin mar an t-údarás inniúil i gcomhair REACH, an clár nua sábháilteachta ceimeacáin don Aontas Eorpach trí chéile.**

Chruthaigh an tÚdarás comhghuaillíochtaí straitéiseacha le Teagasc chun tionscnaimh shábháilteachta feirme a fhorbairt, lena n-áirítear Cód Cleachtais fheirmeoireachta, agus le BSL chun sábháilteacht leictreach a chur chun cinn i gcomhair earnálacha talmhaíochta agus tógála.

Ina theannta sin ab ea a d'oibrigh an tÚdarás lenár struchtúir fho-bhoird bhunaithe agus tríothu chun teachtaireacht sábháilteachta, sláinte agus leasa a chur chun cinn. Áiríodh leo seo struchtúir náisiúnta an Choiste Chomhairligh Thógála, an Choiste Chomhairligh Shubstaintí Contúirteacha agus an Choiste Chomhairligh Chomhpháirtíochta Sábháilteachta Feirme. Sholáthair Coistí Comhairleacha na réigiún Theas, Thiar, Thiar Thuaidh agus Thoir Theas ag an leibhéal réigiúnach eolas luachmhar agus acmhainn chur chun cinn ag leibhéal áitiúil.

Bhí roinnt mór-phróiseas comhairliúcháin phoiblí ag an Údarás, cuid acu leis na comhpháirtithe sóisialta um fhorbairt rialachán. Cuireadh roinnt feachtas náisiúnta i gcrích a bhí comhdhéanta de chur chuige déach de chur chun cinn dea-chleachtais agus cigireachta. Bhí siad seo dírithe ar thalmhaíocht, cairéil, Údaráis Áitiúla agus sábháilteacht tógála go háirithe.

**Bhí léiriú tragóideach ar an tábhacht a bhaineann le gach céim a ghlacadh chun sláinte, sábháilteacht agus leas a chinntiú agus chun priacal a chosc le bás 73 duine sa tír mar thoradh ar thionóiscí a bhaineann leis an obair i 2005.**

Bhí mórfhócas i 2005 ar fhorbairt céimeanna, oiriúnach do mhéid, struchtúir neamhfhoirmiúla agus éilimh fhiontar beag agus mionfhiontar. Tá 113,000 gnólacht cláraithe in Éirinn a bhfuil níos lú ná 10 fostaí acu, agus tá an chuid is mó díobh siúd a oibríonn sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht féinfhostaithe. Is lú dóchúlachta go mbíonn próisis bhainistíochta foirmiúla ag na hionaid oibre seo, lena n-áirítear cleachtais bhunúsacha bainistíochta sábháilteachta. Leanfar den ghníomhaíocht seo i 2006.

Tá an t-athrú ar bhunbhrí fhórsa oibre na hÉireann agus an méadú atá ag teacht ar an líon oibrithe nach labhraíonn an Béarla ag tabhairt dúshlán éagsúil don tslí ina ndéanann an tÚdarás a chuid oibre. Bhí gá le cur chuige ilteangach oideachasúil agus costcha sa bhliain seo caite chun tabhairt faoin riachtanas a chinntiú go dtuigeann an fórsa oibre iomlán go soiléir na priacail, teidlíochtaí agus réamhchúraim éagsúla sábháilteachta agus sláinte a bhaineann leo.

In ainneoin na dtionscnamh seo, bhí léiriú tragóideach ar an tábhacht a bhaineann le gach céim a ghlacadh chun sláinte, sábháilteacht agus leas a chinntiú agus chun priacal a chosc le 73 bás sa tír mar thoradh ar tionóiscí a bhain leis an obair i 2005.

## Bhí mórfhócas i 2005 ar fhorbairt céimeanna, oiriúnach do mhéid, struchtúir neamhfhoirmiúla agus éilimh fhiontar beag agus mionfhiontar.

Bhí méadú de 20% i gceist anseo ar 2004, agus rinne sé aisiompú ar an treocht sa ráta báis a bhí socair nó ag laghdú ó 2000 i leith. Tarlaíonn an chuid is mó tionóiscí marfacha mar thoradh ar ghreamú nó brú íospartaigh faoi phíosa innill, gortuithe ó thitim, ag gluaiseacht nó ag eitilt rudaí, titim ó airde agus gortuithe ó fheithiclí san ionad oibre. Tá na guaiseacha seo ina bpríomhfhócas do chlár oibre an Údaráis i 2006.

- Bhí 18 bás ann sanfheirmeoireacht i 2005, i gcomparáid le 13 i 2004 agus 20 i 2003.
- Chuaigh básanna san earnáil tógála ó 20 i 2003 go 15 i 2004 go 23 i 2005 – an ráta is airde ó 1998.
- Tar éis bliain nár tharla aon bhás inti i 2004 ab amhlaidh a bhí cúig thionóisc mharfacha agus go leor tarlúintí tromchúiseacha sa chairéalú.
- Tharla an chéad tionóisc mharfach le blianta fada sa mhianadóireacht.

Rinne an tÚdarás imscrúdú ar gach bás in ionaid oibre a tuairiscíodh, agus lean siad de réir mar ba ghá le comhaid á gcur chuig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí agus Oifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh nuair a chonacthas gur sáraíodh an reachtaíocht agus go raibh an fhianaise riachtanach ann chun tacú le hionchúiseamh.

## Rinne an tÚdarás imscrúdú ar gach bás san ionad oibre a tuairiscíodh dó, agus leanadh de réir mar a bhí gá le comhaid á gcur chuig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí agus Oifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh.

Tharla réimse tionóiscí neamh-mharfacha freisin in ionaid oibre Éireannacha i 2005, le mionghortuithe agus cinn tromchúiseacha mar thoradh orthu; lena n-áirítear tionóiscí inar bhain míchumas fadtéarmach do na daoine a d'fhulaing fúthu.

Ba é líon na dtionóiscí tromchúiseacha neamh-mharfacha a tuairiscíodh don Údarás go hoifigiúil i 2005 ná 8104, laghdú faoi 4% ar an mbliain roimhe nuair a tuairiscíodh 8453 tionóisc. I rith 2005, fuair an tÚdarás 3,930 gearán agus rinneadh imscrúdú agus tuairisciú ar 3,631 (92%) acu seo.

Rinne an tÚdarás 13,549 cigireacht ar réimse leathan ionad oibre i rith 2005, méadú de 19% ar 2004. Ba chigireachtaí ginearálta i gcomhair géilliúlachta a bhí in os cionn 80% acu seo; bhí 11% acu ag leanúint de ghearáin agus bhí 8% acu ag leanúint de thuairiscí tionóiscí.

Bhí Ráiteas Sábháilteachta réitithe ag 72% de na fostóirí a ndearnadh cigireacht orthu, i gcomparáid le 67% i 2004. Bhí rátaí um réiteach Ráiteas Sábháilteachta ard thar go leor earnálacha – ba san iompar agus stóráil, talmhaíocht agus iascaireacht amháin a bhí rátaí réitithe ráitis sábháilteachta faoi 40%.

Ní raibh ach 58 de Ráitis Sábháilteachta a bhí géilliúil go hiomlán nó den chuid is mó i gcomparáid le 65% i 2004. Bhí an méid a taifeadadh mar a bheith géilliúil teoranta laghdaithe ó 7% i 2004 go 4% i 2005.

Bhí laghdú sa chéatadán fostóirí a chuir na céimeanna cuí i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirtear an Ráiteas Sábháilteachta i bhfeidhm - bhí 52% géilliúil go hiomlán nó den chuid ba mhó i gcomparáid le 61% i 2004. Laghdaigh an líon a bhí géilliúil go teoranta freisin ó 7% i 2004 go 4% i 2005.

Ag teacht as an 13,549 cigireacht a bhí ar siúl, eisíodh, 494 Fógra Toirmiscthe, 458 Fógra Feabhsúcháin agus 10 dTreoir Feabhsúcháin. Eisíodh an líon ba mhó Fógraí Toirmiscthe sa tionscal tógála – 393 as an 494. Eisíodh an líon ba mhó Fógraí Feabhsúcháin sna tionscail deantúsaíochta agus tógála

Bhí na leibhéil ghníomhartha forfheidhmithe ní b'airde san earnáil mianadóireachta agus cairéalaithe, san earnáil oideachais agus san earnáil talmhaíochta. Rinneadh gníomhartha forfheidhmithe ar 7% de chuairteanna cigireachta san iomlán i 2005.

De réir catagóire, rinneadh an líon ba mhó cigireachtaí ar Thógáil, Déantúsaíocht, Mórdhíol agus Miondíol agus Talmhaíocht.

## I 2005, rinneadh cigireacht ar gach suíomh a bhí ainmnithe mar Ghuaiseacha mórthionóisce faoi reachtaíocht SEVESCO II

Lean an tÚdarás de 40 ionchúiseamh i 2005, agus d'éirigh le 28 acu. Ghearr na cúirteanna fíneálacha de €463,338 san iomlán agus dúnadh dhá chairéal go hiomlán. Ag leanúint den treocht le blianta beaga anuas, éisteadh le 18 de na himeachtaí tríd an bpróiseas ní ba throm chúisí de dhíotáil agus éisteadh 22 imeacht eile go hachomair. Tuairiscíodh go forleathan na gníomhartha seo, agus chabhraigh sé sin feasacht ar shábháilteacht ionaid oibre a fheabhsú a thuilleadh.

Taobh istigh den chlár cigireachta ionaid oibre foriomlán, reáchtáil an tÚdarás feachtais fhócasaithe de chigireacht agus forfheidhmiú sna hearnálacha ard-phriacail Talmhaíochta agus Foraoiseachta, Tógála agus Mianadóireachta agus Cairéalaithe.

I rith na gcigireachtaí seo ab ea a fuarthas ráta géilliúlachta de 45% sa Talmhaíocht agus Foraoiseacht, 54% sa Tógáil agus 42% sa Mhianadóireacht agus Cairéil. Léiríonn na rátaí géilliúlachta seo go bhfuil feabhsúchán suntasach le déanamh, agus leanfaidh clár oibre 2006 ag díriú ar na hearnálacha seo.

I rith na bliana rinneadh cigireacht ar gach suíomh a bhí ainmnithe mar Mórghuais Tionóisce faoin reachtaíocht SEVESO II .

Rinne cigirí athbhreithniú ar mheasúnuithe priacail i gcomhair ceimeacán agus carcanaiginí i 2,593 cigireacht i 2005. Bhí 30% géilliúil go hiomlán nó den chuid ba mhó, bhí 53% géilliúil go pointe áirithe, agus bhí 17% nach raibh géilliúil ar chor ar bith nó a bhí géilliúil go teoranta.

I rith na bliana rinneadh 148 cigireacht sa tseirbhís sláinte, agus bhí siad seo dírithe ar bhainistiú sláinte agus sábháilteachta in Aonaid Taismí agus Éigeandála na n-ospidéal mór.

Fuarthas fadhbanna maidir le leordhóthanacht measúnuithe priacail do láimhsiú agus i gcomhair eirgeanamaíochta sa Roinn, nósanna imeachta laga chun déileáil le foréigean agus ionsaitheacht i Ranna ina bhfuil iomarca daoine, láimhseáil oibreán ceimiceach agus bitheolaíochta, cosc sleamhnuithe, tuislí agus titime agus róphlódú go ginearálta.

Bhí feabhas ar ghéilliúlacht i gcomparáid leis an mbliain roimhe, áfach. Fuarthas go raibh 52% géilliúil go hiomlán nó den chuid ba mhó (2004: 41%); bhí roinnt géilliúlachta ag 36% acu (2004: 34%) agus bhí 12% nach raibh géilliúil ar chor ar bith nó a raibh géilliúlacht theoranta acu (2004: 25%)

I rith 2005, rinne an tÚdarás a chuid dul chun cinn lena cuid aidhmeanna agus cuspóirí a thomhas go cainníochtúil agus go cáilíochtúil, ag scrúdú sástachta custaiméirí, tionchair ghníomhaíochta cosanta, éifeachtúlachta tionscnaimh spreagtha feasachta agus ár ndul chun cinn um príomhshruthú sábháilteachta agus sláinte sa chóras oideachais agus i ngach gné den ionad oibre.

Tá an fhoireann lárnach do ghníomhaíocht rathúil an Údaráis. Maidir leis seo, lean an tÚdarás ag feabhsú a scóir sa mheasúnú Feabhas trí Dhaoine le hardráta de 93%. Lean sé ar aghaidh freisin lena phlean díláraithe i rith na bliana, agus chuaigh sé i gcainteanna leanúnacha lena fhoireann oibre, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Airgeadais.

# EOLAS EAGRÚCHÁIN

Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an comhlacht reachtúil a bhfuil freagracht air as forfheidhmiú dhlí na sábháilteachta agus na sláinte saothair, as cur chun cinn agus spreagadh cosc tionóiscí agus soláthar eolais, comhairle agus taighde do gach cuideachta, grúpa, eagraíocht agus duine aonair a thagann faoi scáth freagrachta an Údaráis.

Is comhlacht státmhaoinithe é an tÚdarás, arna bhunú faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas san Ionad Oibre (1989), agus déanann sé tuairisciú chuig an Aire Gnóthaí Saothair, Tony Killeen, T.D.

# Bord an Údaráis

Tá Bord an Údaráis comhdhéanta de 12 ball le Cathaoirleach agus aon bhall déag arna gceapadh ag an Aire Gnóthaí Saothair. Ceapann an tAire baill arna n-ainmniú ag eagraíochtaí atá ionadaíoch de na comhpháirtithe sóisialta agus leasghrúpaí eile atá ceangailte le sláinte agus sábháilteacht saothair, lena n-áirítear fostaithe, fostóirí agus comhlachtaí eile. Is é an Bord a shocraíonn beartas an Údaráis.

Bhí ballraíocht an Bhoird mar seo a leanas ag deireadh 2005:

**Cathaoirleach**

| | |
|---|---|
| Jim Lyons | Iar-phríomhfheidhmeannach, Coiste Gairmoideachais Chontae an Chláir |

**Ainmnithigh Fhostóra**

| | |
|---|---|
| Tony Briscoe | Stiúrthóir Cúnta Beartais Sóisialta (OHS), IBEC |
| Peter McCabe | (Leaschathaoirleach), Stiúrthóir Seirbhísí Sábháilteachta, Timpeallachta agus Oiliúna, Cónaidhm an Tionscail Tógála (CIF) |
| Yvonne O'Sullivan | Stiúrthóir Acmhainní Daonna – Grúdaireacht agus Pacáistiú, Diageo |

**Ainmnithigh Fhostaithe**

| | |
|---|---|
| Sylvester Cronin | Ceannaire Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa san Obair, SIPTU |
| Louise O'Donnell | Rúnaí Náisiúnta, Rannóg Státseirbhíse, IMPACT |
| Fergus Whelan | Oifigeach Tionsclaíoch, Comhdháil Cheardchumainn na hÉireann (ICTU) |

**Ainmnithigh an Aire**

| | |
|---|---|
| Ann-Marie Hayes | |
| Pat Kearney | |
| Martin Lynch | (An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta) |
| Christina McEleney | |
| Rosie Sheerin | |

## Cathaoirleach

Jim Lyons

## Ainmnithigh Fhostóra

Tony Briscoe

Peter McCabe

Yvonne O'Sullivan

## Ainmnithigh Fhostaithe

Sylvester Cronin

Louise O'Donnell

Fergus Whelan

## Ainmnithe an Aire

Ann-Marie Hayes

Pat Kearney

Martin Lynch

Christina McEleney

Rosie Sheerin

# Lucht Bainistíochta

Is é an Príomhfheidhmeannach a bhainistíonn agus a rialaíonn cur i bhfeidhm straitéise de réir bheartais agus fhreagrachtaí reachtúla an Údaráis.

Fostaíonn an tÚdarás 165 ball foirne mar chigirí, saineolaithe gairmiúla, riarthóirí nó mar thacaíocht chléireach. Bíonn 100 cigire ag an Údarás i mbun réimse rólanna, lena n-áirítear forbairt tograí reachtaíochta ag leibhéal an AE agus go náisiúnta, forbairt treorach, idirchaidreamh le comhlachtaí ionadaíocha, cigireacht, cur chun cinn, gníomhaíochtaí eolais agus comhairleacha, fiosrúcháin um ghearáin agus timpistí agus ionchúiseamh ciontóirí. Ba mar seo a leanas na feidhmeannaigh bhainistíochta an 31 Nollaig, 2005:

**Príomhfheidhmeannach**
Tom Beegan
**ACE Géilliúlacht & Comhairle**
Michael Henry
**Bainisteoir Cláir**
**Oibríochtaí Allamuigh**
PJ Claffey
**Bainisteoir Cláir**
**Oibríochtaí Allamuigh**
Jim Heffernan
**Bainisteoir Cláir**
**Seirbhísí Dlíthiúla**
Michael O'Neill
**ACE Seirbhísí Corparáideacha**
Martin O'Halloran
**Ceann Airgeadais**
John Moran
**Ceann TF**
Andrew Allen
**Ceann Acmhainní Daonna**
Bernie Ruttledge
**Bainisteoir Reachtaíochta & Idirchaidrimh**
Con Body
**ACE Seirbhísí Cosctha**
Mary Dorgan
**Bainisteoir Cláir**
**Beartas & Seirbhísí Teicniúla**
Robert Roe
**Bainisteoir Cumarsáide**
Carmel Kearns
**Bainisteoir Sláinte Saothair**
Kieran Sludds
**Bainisteoir Straitéise Oideachais**
Joanne Harmon
**Bainisteoir Aonaid Teagmhála Ionaid Oibre**
Jim Holmes

# Saol oibre sláintiúil sábháilte a bhaint amach i gcomhpháirtíocht

Is é an saothar atá againn ná cur chun cinn de thimpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a bhfuil sé de cheart ag gach oibrí in Éirinn a bheith ag dúil leis.

Úsáidimid ár n-acmhainní i gcláir náisiúnta atá dírithe ar chosc priacail agus forfheidhmiú na géilliúlachta chun an aidhm seo a bhaint amach. Bainimid úsáid éifeachtach as ár ndaoine trí shaineolas a fhorbairt chun is gur féidir leo cabhrú lenár gcustaiméirí priacal a laghdú, agus gur féidir leo an dlí a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn gá leis.

Téimid i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear oibrithe agus fostóirí chun a chinntiú go mbíonn ár seirbhís ag sásamh a gcuid riachtanas.

Cinntímid go leanaimid ag seachadadh seirbhísí go héifeachtach agus go héifeachtúil trí bhailiú eolais, taighde margaidh, anailís staitisticí agus tomhas agus measúnú dár ngníomhaíochtaí leanúnacha.

Tá beartas cumarsáide oscailte againn a chothaíonn rochtain ar ár n-eagraíocht dár gcomhpháirtithe agus páirtithe leasmhara, lena n-áirítear oibrithe, fostóirí comhlachtaí ionadaíocha agus an pobal i gcoitinne.

Déanaimid monatóireacht agus athbhreithniú ar reachtaíocht, eolas agus treoir sláinte agus sábháilteachta chun a chinntiú go bhfuil sé ábhartha, ciallmhar agus inrochtana. Tá ár dtionscnaimh cosctha, cigireachta, imscrúdaithe agus forfheidhmithe deartha chun a chinntiú go ndéantar timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a sholáthar d'oibrithe agus go nglacann siad féin páirt ann.

# Cuntas Mionsonraithe de Shaothar an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain 2005

Déanann an chuid seo den tuarascáil athbhreithniú ar shaothar an Údaráis i 2005 faoi thrí cheannteideal:

## 1 Eochair-Earnálacha

Eochair-Earnálacha – tugann sé cuntas ar an ngéilliúlacht taifeadta agus tionscnaimh Údaráis i ngach ceann de na hearnálacha seo a leanas:

- An Talmhaíocht agus an Fhoraoiseacht
- An Tógáil
- Mianaigh agus Cairéil
- Seirbhísí Sláinte
- Údaráis Áitiúla
- Calafoirt agus Aerfoirt
- Déantúsaíocht

## 2 Eochair-Ghuaiseacha

Eochair-Ghuaiseacha – tugann sé cuntas ar an dul chun cinn atá déanta ag an Údarás i rith na bliana maidir le guaiseacha sainiúla. Déantar tuairisciú ar thorthaí géilliúlachta, nuair atá fáil orthu.

- Mórghuaiseacha Tionóiscí
- Substaintí Guaiseacha
- Sábháilteacht Cheimiceach

- Sláinteachas Saothair
- Iompar agus Stóráil na nEarraí Contúirteacha
- Láimhsiú Sábháilte
- Sábháilteacht Innealra
- Gluaiseachtaí Feithicle / Fearais san Ionad Oibre

# 3 Cláir ar fud Gach Earnáil

Cláir ar fud Gach Earnáil – soláthraíonn sé cuntas de ghníomhaíocht forfheidhmithe, gníomhaíocht cumarsáide agus roinnt tionscnamh forleathan a rinne an tÚdarás i 2005 a raibh tionchar aige thar earnálacha agus guaiseacha éagsúla.

- Sábháilteacht an Ionaid Oibre agus Bainistiú Sláinte
- Cur i bhFeidhm an tAcht um Shábháiteacht, Sláinte agus Leas san Ionad Oibre, 2005
- Cigireachtaí Frithghníomhacha
- Ionchúisimh agus Caingin Chúirte
- Córais Fhorfheidhmithe
- Socrúcháin Teagmhála leis an Ionad Oibre
- Clár Cosanta Deonach
- Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha
- Micrea-Ghnó
- Sláinte Saothair
- Caidrimh Phreasa agus Poiblí
- Reachtaíocht agus Treoir
- Éifeachtúlachtaí Inmheánacha

# 1. Eochair-Earnálacha

Mar gheall ar an gcineál gníomhaíochtaí oibre atá i gceist, is iondúil go mbíonn priacal tionóisce, gortaithe nó báis i measc oibrithe i roinnt earnálacha tionsclaíocha níos airde. Den chuid is mó, is iad seo na hearnálacha a mbíonn go leor úsáide innealra agus obair i gceist iontu. Bíonn airdeall breise ag teastáil chun na priacail a laghdú sna hearnálacha seo.

Sa bhliain atá faoi athbhreithniú, chuir an tÚdarás tosaíocht ar thionscnaimh sheachanta, cigireachta agus forfheidhmithe atá dírithe ar fheabhsúcháin a bhaint amach i mbainistiú sláinte agus sábháilteachta sna trí earnáil ardphriacail seo a leanas. Tugadh na rátaí géilliúlachta foriomlána seo a leanas faoi deara i rith na gcigireachtaí seo:

**2005 – Rátaí Foriomlána Géilliúlachta in Earnálacha Ardphriacail:**

| | | |
|---|---|---|
| An Talmhaíocht agus an Fhoraoiseacht: | 58% | (2004: 60%) |
| An Tógáil: | 55% | (2004: 55%) |
| Mianaigh agus Cairéil: | 40% | (2004: 40%) |

Léiríonn na rátaí géilliúlachta seo go bhfuil feabhsúchán suntasach le déanamh, agus leanfaidh clár oibre 2006 ag díriú ar na hearnálacha seo.

# An Talmhaíocht agus an Fhoraoiseacht

Tá gnó na talmhaíochta éagsúil sa mhéid is go gcuimsíonn sé an baile chomh maith leis an ionad oibre. Is iondúil go mbíonn an feirmeoir agus baill dá theaghlach i gceist sa ghnó, agus gan ann ach beagán cabhrach ón taobh amuigh go minic.

Leis na hathruithe i láthair na huaire ar chórais talmhaíochta an AE agus an domhain, tá breis brú eacnamúil ag teacht ar an bhfeirmeoireacht mar shlí bheatha le cóimheas ard brú oibre ar fheirmeoirí agus ar a dteaghlaigh.

Tá sé fíorthábhachtach mar sin féin chun a chinntiú go gcothaítear caighdeáin sláinte agus sábháilteachta cuí ar fead gach tionscal talmhaíochta agus ar bhonn leanúnach.

I rith 2005, lean an tÚdarás lena thionscnaimh chun feabhas a bhaint amach sna réimsí seo a leanas:

- Sábháilteacht Feirme go ginearálta.
- Feasacht maidir leis an riachtanas atá le ráitis sábháilteachta ar fheirmeacha
- Feidhmíocht sábháilteachta in obair foraoiseachta in aice le línte cumhachta.

*Bhí 18 bás san fheirmeoireacht i 2005 i gcomparáid le 13 i 2004*

Chun athrú a dhéanamh ar iompar mar a bhaineann sé le sláinte agus sábháilteacht feirme, rinneadh cigireacht ar 1,145 feirm, soláthróir talmhaíochta agus conraitheoir talmhaíochta maidir le ráitis sábháilteachta, féin-mheasúnaithe sábháilteachta feirme, oibriú innealra le béim ar leith ar úsáid tarracóirí, láimhseáil sciodair, láimhseáil beostoic, suiteáil leictreach, sábháilteacht linbh agus sábháilteacht na ndaoine scothaosta.

Rinne an tÚdarás 42 cigireacht foraoiseachta freisin, a dhírigh ar threascairt crann in aice le línte cumhachta leictreachais, láimhseáil ceimiceáin, sábháilteacht innealra, measúnuithe priacail agus oiliúint.

Leanadh de chur chun cinn agus cur i bhfeidhm an Phlean Ghnímh Shábháilteachta Feirme 2003 – 2007 tríd an gCoiste Comhpháirtíochta Feirme.

Chuir an tÚdarás agus Teagasc tús le dréachtú Chód Cleachtais Sábháiteachta Feirme.

Bunaíodh comhghuaillíocht straitéiseach idir an tÚdarás agus Líonraí BSL chun sábháilteacht leictreach a chur chun cinn sa saothar talmhaíochta.

Cuireadh tús le mórstaidéar ar iompar ainmhithe freisin, agus beidh na torthaí ar fáil i 2006.

Ina theannta sin, cuireadh tús le bearta cosctha agus oideachais chun an pobal talmhaíochta a chur ar an eolas maidir leis na priacail agus oibleagáidí a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte ina n-earnáil. Bhí na tionscnaimh seo a leanas san áireamh.

- Bhí dianfheachtas feasachta ar siúl in Aibreán agus Bealtaine, le 350 cigireacht agus clúdach suntasach ó na meáin chumarsáide.
- Forbraíodh clár nua bainistíochta priacail ar an bhfeirm. San áireamh anseo bhí Cáipéis Measúnaithe Priacail phíolótach agus ceardlanna comhairliúcháin tosaigh i measc sprioc-lucht éisteachta i 6 thír. Ina theannta sin ab ea a forbraíodh Plean Córais Sábháilte Oibre (SSWP) chun go mbeadh measúnú priacail feirme níos áisiúla don úsáideoir. Is córas pleanála idirghníomhach atá bunaithe ar CD-ROM atá i gceist anseo a chabhraíonn le feirmeoirí díriú isteach ar phriacail ar an bhfeirm.
- Seoladh feachtas fógraíochta agus dáileadh eolas eile lena n-áirítear DVD, litríocht agus bileoga sábháilteachta feirme go forleathan.

**Táscairí Géilliúlachta**

Ar bhunús 1,187 cigireacht a rinneadh, nuair a chuirtear rátaí géilliúla 2004 agus 2005 i gcomparáid lena chéile, léirítear go bhfuil tuilleadh feabhsaithe le déanamh ag ionaid oibre san earnáil seo le ceathrú cuid d'fheirmeacha a ndearnadh cigireacht orthu ag léiriú géilliúlachta teoranta, nó gan géilliúlacht ar bith. Ní raibh aon athrú ar an gcéatadán ráitis sábháilteachta a réitíodh ar fheirmeacha a ndearnadh cigireacht orthu idir 2004 agus 2005, ag 28%. Níl sé seo sásúil ós rud é gur riachtanas dlíthiúil atá sna ráitis sábháilteachta. Leanfar de chlár cigireachta talmhaíochta an Údaráis i 2006 mar sin chomh maith le feachtas eolais athnuaite.

**Rátaí Géilliúlachta sa Talmhaíocht agus san Fhoraoiseacht**

| GEILLIULACHT/BLIAIN 2004 2005 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|
| Géilliúlacht Iomlán/Fhorleathan | 60% | 58% |
| Roinnt Géilliúlachta | 18% | 14% |
| Géilliúlacht theoranta/ gan aon ghéilliúlacht | 25% | 28% |

***Nóta 1:*** *Dírítear cuid mhaith d'imscrúduithe an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic toisc teist neamhshásúil a bheith orthu i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearáin a fuarthas fúthu. Ní gá go mbeadh an tábla ionadaíoch deagraíochtaí eile.*

# An Tógáil

D'ardaigh líon na mbásanna a tharla san earnáil tógála ó 15 i 2004 go dtí 23 i 2005, an leibhéal is airde ó 1998 i leith.

I rith 2005, bhí clár saindírithe cigireachtaí ar siúl ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun feabhas a chur ar chaighdeáin sláinte agus sábháilteachta ar shuímh thógála ar fud na hÉireann.

Rinneamar comhoibriú freisin leis na comhpháirtithe sóisialta agus trí Choiste Comhairleach Tógála ár mBoird agus tríd an gComhpháirtíocht Sábháilteachta Tógála agus eochair-chomhlachtaí eile chun feabhas a chur ar an gcultúr sábháilteachta ar shuímh thógála.

Rinneamar 6,203 cigireacht ar shuímh thógála (léiríonn sé seo méadú 23% ar chigireachtaí tógála i gcomparáid le 2004, nuair a rinneadh 5071 cigireacht) ag lorg pleananna sláinte agus sábháilteachta atá deartha don suíomh áirithe sin, ráitis sábháilteachta, soláthar áiseanna leasa agus cur ar an eolas agus ceapadh coinneálaí dualgais sábháilteachta. Rinneamar scrúdú freisin ar bhearta a bhí i bhfeidhm i gcomhair saothair in airde, bainistíocht gléasra agus trealaimh agus rinneamar mionscrúdú ar thrácht fhoriomlán an tsuímh ó thaobh riachtanais sláinte agus sábháilteachta ionaid oibre de.

Rinneamar scrúdú ar 41 cleachtas ailtireachta agus innealtóireacht chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghéilliúlacht le gnéithe deartha agus bainistíochta Rialacháin Sábháilteachta, Sláinte & Leasa ag an Obair (Tógáil), 2001.

I rith 2005, chomhlánaigh an tÚdarás mórphróiseas comhairliúcháin phoiblí ar dhréacht-treoirlínte nua agus Rialacháin Sábháilteachta Sláinte agus Leasa ag an Obair (Tógáil).

Leanamar ag forbairt agus ag cur chun cinn Plean Córais Sábháilte Oibre (SSWP) don tionscal tógála. Bhuaigh an córas idirghníomhach seo i gcomhair measúnú priacail agus géilliúlachta an Gradam Ardnuálaíochta don tionscal tógála, a bronnadh ag an gComhdháil Dhomhanda Sláinte agus Sábháilteachta thall in Florida i Meán Fómhair. Táirgeadh DVD oiliúna i 8 dteanga éagsúla freisin.

Aontaíodh comhthionscnamh le BSL chun cabhrú teagmháil le línte lasnairde agus faoi thalamh a laghdú.

Foilsíodh cóid chleachtais nua maidir le seirbhísí faoi thalamh agus obair dín.

**Feachtais Sainiúla**

Reáchtáil an tÚdarás dhá dhianfheachtas ghéilliúlachta san earnáil seo i rith na bliana.

(1) Sábháilteacht Tógála (Tógáil Tithe):

Rinneadh 1,579 cigireacht san iomlán ar shuímh thógála tithe i rith mhí an Mheithimh. Fuarthas go raibh bainistíocht oibre in airde lag ar go leor de na suímh a ndearnadh cigireacht orthu. Eisíodh fógraí géilliúla nuair a bhí gá leo agus bhí ar chúig shuíomh stop a chur le gach gníomhaíocht mar thoradh ar na cigireachtaí.

(2) Údaráis Áitiúla (Rialacháin Tógála)

I Meán Fómhair 2005, rinne sainfhoireann cigirí measúnú ar ghéilliúlacht gach Údarás Áitiúil lena dhualgais faoi fhorálacha deartha agus bainistíochta na Rialachán Tógála.

**Táscairí Géilliúlachta**

Léirigh rátaí géilliúla ar na saincheisteanna thuas i gcomhair cigireachtaí tógála, nuair a cuireadh rátaí 2004 agus rátaí 2005 i gcomparáid go raibh feabhas beag ann i 2005. Tá os cionn ceathrú cuid de shuímh thógála atá géilliúlacht theoranta acu nó nach bhfuil géilliúil ar chor ar bith, áfach, agus ní féidir glacadh leis seo. Leanfar leis an gclár cigireachta i 2006 le fuinneamh úr.

**Rátaí géilliúla sa Tógáil**

| GEILLIULACHT/BLIAIN 2004 2005 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|
| Géilliúlacht Iomlán/Fhorleathan<br><br>Roinnt Géilliúlachta | 51%<br><br>16% | 55%<br><br>17% |
| Géilliúlacht theoranta/ gan aon ghéilliúlacht | 33% | 28% |

***Nóta 1:*** *Dírítear cuid mhaith d'imscrúduithe an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic toisc feidhmíocht neamhshásúil a bheith acu i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearáin a fuarthas fúthu. Seans nach fíor na táblaí seo i gcás eagraíochtaí eile.*

# Mianaigh agus Cairéil

I rith na Seachtaine Sábháilteachta Cairéil bliantúla ab ea a thug cigirí faoi deara nach rabhthas ag tabhairt faoi chúiseanna go leor de na básanna seo. Teastaíonn tuilleadh airde ón earnáil maidir le priacail le hinnealra, gléasra soghluaiste agus titim ó airde.

I gcomparáid leis an mbliain roimhe nár tharla bás ar bith inti, ba dhrochbhliain í 2005 don Earnáil Mianach agus Cairéal.

Bhí cúig thionóisc mharfacha agus go leor teagmhas an-thromchúiseach sa chairéalú, agus tharla an chéad bhás le blianta fada anuas sa mhianadóireacht.

Ba chóir go mbeadh sé mar chuspóir ag gach duine a bhfuil baint acu leis a chinntiú nach dtarlaíonn aon bhás, trí bhainistíocht éifeachtach sláinte agus sábháilteachta san earnáil seo.

I rith 2005, rinne an tÚdarás cigireacht ar 500 oibríocht mianadóireachta agus cairéalaithe ag tabhairt faoi bhainistíocht sláinte agus sábháilteachta, bainistíocht tráchta, sábháilteacht gléasra socraithe, sciorradh talaimh, titim ó airde, obair chothabhála, sábháilteacht pléascán agus slándáil fálú.

Ar iarratas ón Údarás, dúnadh dhá chairéal ar ordú ón Ardchúirt ag teacht as cigireachtaí.

Bhí feachtas sábháilteachta cairéil ar siúl i mí Lúnasa a raibh 120 cigireacht agus Seimineár Náisiúnta Sábháilteachta Cairéil, atá ina mheán tábhachtach eolais, i gceist ann.

Thug cigireacht mianach (22 i 2005) faoi nósanna imeachta éigeandála, bainistíocht sláinte agus sábháilteachta, sábháilteacht gléasra soghluaiste, sciorradh talaimh, titim ó airde, sábháilteacht innealra agus pléascáin.

Chuir an tÚdarás béim ar eolas a sholáthar do gach oibrí, díriú isteach ar iompar míshábháilte agus tógáil priacail, chomh maith le bunú cultúir shábháilteachta i gcuideachtaí aonair. Dhíríomar ár n-iarrachtaí go ginearálta ar láithreacha a bhfuil droch-chaighdeáin sábháilteachta, sláinte agus leasa ag an obair acu.

Ar na tionscnaimh eile san earnáil seo a bhí:

- Rinneadh dul chun cinn ar na Rialacháin agus Treoirlínte Comhdhlúthaithe don Earnáil Mianadóireachta agus cuireadh tús le comhairliúchán poiblí.
- Leanadh de chomhairliúchán agus cur chun cinn sábháilteachta agus sláinte don earnáil seo tríd an gCoiste Stiúrtha Sábháilteachta Cairéal.
- Rinneadh roinnt físeán a dháileadh go forleathan chun eolas a sholáthar ar chosc tionóiscí agus básanna sa tionscal cairéalaithe.

**Táscairí Géilliúlachta**

Cuireadh rátaí géilliúla ar na saincheisteanna thuas i gcomhair na gcairéal a ndearnadh cigireacht orthu i 2005 a chur i gcomparáid le figiúirí 2004, agus rinneadh gach iarracht a chinntiú gur tugadh cuairt ar na cairéil chéanna. Léirigh figiúirí 2005 go ndeachthas in olcas beagán i gcomparáid le 2004. Tá géilliúlacht theoranta, nó níl géilliúlacht ar bith ag níos mó nach ceathrú de na cairéil agus mar sin beidh gá le clár cigireachtaí fócasaithe leanúint ar aghaidh i 2006.

**Rátaí Géilliúla i Mianaigh agus Cairéil**

| GEILLIUILACHT/BLIAIN 2004 2005 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|
| Géilliúlacht Iomlán/Fhorleathan | 42% | 40% |
| Roinnt Géilliúlachta | 30% | 32% |
| Géilliúlacht theoranta/ gan aon ghéilliúlacht | 28% | 28% |

***Nóta 1:*** *Dírítear cuid mhaith d'imscrúduithe an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic toisc teist neamhshásúil a bheith orthu i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearáin a fuarthas fúthu. Seans nach fíor na táblaí seo i gcás eagraíochtaí eile.*

# Seirbhísí Sláinte

D'oibrigh an tÚdarás i gcomhar leis an Earnáil Sláinte i 2005. D'fhorbair an tÚdarás Córas Bainistíochta Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa Saothair agus Uirlis Iniúchta don Earnáil Sláinte, agus chuir sé i gcrích an píolótú den chóras. Déanfar é seo a thabhairt chun críche agus a chur chun cinn go forleathan i 2006 chun cabhrú le bainistíocht sláinte, sábháilteachta agus leasa oibrithe san earnáil seo.

Ó thaobh na géilliúlachta de, rinne an tÚdarás 148 cigireacht a bhí dírithe ar bhainistíocht sláinte agus sábháilteachta in Ionaid Tionóiscí agus Éigeandála gnóthacha na n-ospidéal mór. Rinneadh cigireacht ar sheacht gcinn déag de na hospidéil is mó trasna na tíre.

Léirigh na cigireachtaí fadhbanna agus neamhdhóthanacht nósanna imeachta i bhformhór na n-ospidéal sna réimsí seo a leanas:

- Measúnuithe priacail i gcomhair láimhsithe agus i gcomhair eirgeanamaíochta sa Roinn.
- Nósanna imeachta laga chun déileáil le foréigean agus ionsaitheacht i Ranna ina bhfuil iomarca daoine.
- Láimhseáil d'oibreáin cheimiceacha agus bitheolaíocha
- Cosc an tsleamhnaithe, tuislí agus na titime
- Róphlódú agus tranglam.

Tá an tÚdarás tar éis leanúint as na cigireachtaí seo le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

**Táscairí Géilliúlachta**

Rinneadh na rátaí géilliúlachta ar na saincheisteanna thuas a chur i gcomparáid i gcomhair 2004 agus 2005.

**Rátaí géilliúla i Seirbhísí Sláinte**

| GÉILLIÚLACHT/BLIAIN 2004 2005 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|
| Géilliúlacht Iomlán/Fhorleathan | 41% | 52% |
| Roinnt Géilliúlachta | 34% | 36% |
| Géilliúlacht theoranta/ gan aon ghéilliúlacht | 25% | 12% |

***Nóta 1:*** *Dírítear cuid mhaith d'imscrúduithe an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic toisc teist neamhshásúil a bheith orthu i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearáin a fuarthas fúthu. Seans nach fíor na táblaí seo i gcás eagraíochtaí eile.*

# Údaráis Áitiúla

I rith 2005, rinne an tÚdarás 227 cigireacht san earnáil Riaracháin Phoiblí. Bhí cigireachtaí ag díriú ar an tslí inar dhéileáil Bainisteoirí Contae agus Stiúrthóirí Seirbhíse lena bhfreagrachtaí bainistíochta sábháilteachta. Ba é seo an dara bliain de chlár cigireachta ar ghéilliúlacht Údarás Áitiúil, (Tionscadal Earnála Poiblí Céim II).

**Táscairí Géilliúlachta**

Cuireadh rátaí géilliúla na gcigireachtaí a rinneadh i 2004 agus i 2005 i gcomparáid lena chéile, agus léiríodh go ndeachaigh cúrsaí chun donais. Dá réir sin, díreoidh an tÚdarás isteach ar údaráis áitiúla i gcomhair gníomhú forfheidhmithe i 2006.

**Rátaí géilliúla in Údaráis Áitiúla**

| GÉILLIÚLACHT/BLIAIN 2004 2005 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|
| Géilliúlacht Iomlán/Fhorleathan | 67% | 53% |
| Roinnt Géilliúlachta | 15% | 23% |
| Géilliúlacht theoranta/ gan aon ghéilliúlacht | 28% | 24% |

***Nóta 1:*** *Dírítear cuid mhaith d'imscrúduithe an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic toisc teist neamhshásúil a bheith orthu i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearáin a fuarthas fúthu. Seans nach fíor na táblaí seo i gcás eagraíochtaí eile.*

Lean an tÚdarás ar aghaidh le clár iniúchta ó 2004, lena n-áirítear mionoibreacha bóithre agus bainistíocht tráchta ag Údaráis Áitiúla. Mar chuid de seo ab ea a tugadh cuairt ar agus a cuireadh agallamh ar bhainisteoirí sinsearacha lena n-áirítear Stiúrthóirí Seirbhísí ar a bhfreagrachtaí mar chliaint faoi fhorálacha deartha agus bainistíochta na Rialachán Tógála 200.

Rinne sainfhoireann cigirí measúnú ar ghéilliúlacht gach Údarás Áitiúil i Meán Fómhair 2005. Tugadh faoi deara tríd seo nach bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm i measc go leor Údarás Áitiúil chun a chinntiú go gceaptar maoirseoirí tionscadail inniúla chun sábháilteacht a bhainistiú ar thionscadail agus oibreacha bóithre go háirithe. Bhí ar chúig thionscadal tógála bóithre gach gníomhaíocht a stopadh tar éis cigireachta.

# Calafoirt agus Aerfoirt

I rith na bliana, rinneadh 36 cigireacht ag Duganna agus Aerfoirt ag clúdach láimhseála lastais, gluaiseacht shábháilte innealra, úsáid shábháilte innealra, láimhseáil cheimiceach agus torann.

**Táscairí Géilliúlachta**

Cuireadh rátaí géilliúla ar na saincheisteanna thuas i gcomparáid leis na cigireachtaí a rinneadh i 2004 agus 2005 agus léiríonn siad feabhsú a bhfuil fáilte roimhe.

**Rátaí géilliúla i gCalafoirt agus Aerfoirt**

| GÉILLIÚLACHT/BLIAIN 2004 2005 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|
| Géilliúlacht Iomlán/Fhorleathan | 40% | 53% |
| Roinnt Géilliúlachta | 36% | 26% |
| Géilliúlacht theoranta/ gan aon ghéilliúlacht | 24% | 21% |

***Nóta 1:*** *Dírítear cuid mhaith d'imscrúduithe an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic toisc teist neamhshásúil a bheith orthu i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearáin a fuarthas fúthu. Seans nach fíor na táblaí seo i gcás eagraíochtaí eile.*

# Déantúsaíocht

Rinne an tÚdarás 2,277 cigireacht déantúsaíochta i 2005 ag clúdach measúnuithe priacail agus láimhseáil d'oibreáin cheimiceacha, oiliúint tiománaithe trucaile ardaithe, úsáid gléasanna láimhseála meicniúla agus cosaint i gcoinne titime ó airde.

**Táscairí Géilliúlachta**

Cuireadh rátaí géilliúla ar na saincheisteanna thuas i gcomparáid i gcomhair 2004 agus 2005, agus léirigh siad laghdú um ghéilliúlacht. Mar thoradh air sin, beifear ag díriú isteach a thuilleadh ar an earnáil seo i 2006. In a theannta sin ab ea a sheirbheáil Cigirí sa Déantúsaíocht Fógraí Toirmisc agus Fógraí Feabhsúcháin agus leanadh díobh seo le hathchigireachtaí.

**Rátaí géilliúla sa Déantúsaíocht**

| GÉILLIÚLACHT/BLIAIN 2004 2005 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|
| Géilliúlacht Iomlán/Fhorleathan | 52% | 46% |
| Roinnt Géilliúlachta | 24% | 30% |
| Géilliúlacht theoranta/ gan aon ghéilliúlacht | 24% | 24% |

***Nóta 1:*** *Dírítear cuid mhaith d'imscrúduithe an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic toisc teist neamhshásúil a bheith orthu i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearáin a fuarthas fúthu. Seans nach fíor na táblaí seo i gcás eagraíochtaí eile.*

# 2.Eochair-Ghuaiseacha

## Mórghuaiseacha Tionóiscí

Comhlíonann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ról Údaráis Inniúil Náisiúnta an AE in Éirinn maidir le Mórghuaiseacha Tionóiscí

I 2005, rinne an tÚdarás imscrúdú ar gach suíomh ainmnithe faoin reachtaíocht um Mórghuaiseacha Tionóiscí (SEVESO II) trí 129 imscrúdú a dhéanamh agus 3 thuarascáil sábháilteachta a cuireadh faoina bhráid i 2005 a mheasúnú. Rinneadh mionmheasúnú ar gach tuarascáil a cuireadh isteach faoi na Rialacháin reatha, agus go dtí seo glacadh le 9 gcinn mar leagan deiridh.

Thug an tÚdarás comhairle d'údaráis phleanála agus don Bhord Pleanála i 319 cás maidir le húsáid talún i dtaobh bunaíochtaí a bhfuil mórghuais timpiste ag bairt leo agus forbairtí in aice láimhe. I ngach cás d'fhreagair an tÚdarás laistigh den fhráma-ama sainordaitheach.

Chinntíomar gur chomhlíon suímh SEVESO ag barr na sraithe a gcuid oibleagáidí maidir le 'heolas don phobal' . Rinneamar imscrúdú ar dheich mbunaíocht go háirithe maidir leis an riachtanas seo. Chinntigh an tÚdarás gur comhlíonadh oibleagáidí faoi Acht na nArm Ceimiceach trí dhearbhú a chur faoi bhráid chomhlacht na NA, an Eagraíocht um Airm Cheimiceacha a Chosc (OPCW), a bunaíodh faoi Choinbhinsiún na NA um Airm Cheimiceacha.

Rinne ár gcigirí monatóireacht ar an tástáil a rinne údaráis inniúla áitiúla i gcás 8 bplean éigeandála sheachtracha (a bhain le suímh SEVESO ag barr na sraithe) agus chuir siad comhairle orthu maidir leis na caighdeáin riachtanacha.

## Substaintí Guaiseacha

Comhlíonann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ról Údaráis Inniúil Náisiúnta an AE maidir le fógairt Substaintí Ceimiceacha Nua agus Treoir an AE um Margaíocht agus Úsáid. Baineann sé seo le forfheidhmiú rangaithe, pacáistithe, agus lipéadaithe chomh maith le fógairt rialachán ceimiceach nua agus reatha.

I rith na bliana, thug an tÚdarás tacaíocht theicniúil don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le linn idirbheartaíochtaí Chomhairle an AE maidir le REACH - *Registration, Evaluation and Authorisation of Chemicals* (Clárú, Measúnú agus Údarú Ceimiceán), clár nua um shábháilteacht cheimiceach.

Baineadh amach comhaontú polaitiúil maidir le moladh REACH an 13 Nollaig 2005. Ainmníodh an tÚdarás chomh maith mar an tÚdarás Inniúil amach anseo do REACH.

Rinneamar imscrúduithe, ina measc mion-iniúchtaí ar rangú, ar phacáistiú agus lipéadú agus ar fhógairt substaintí agus ullmhóidí contúirteacha.

Rinne an tÚdarás meastóireacht ar 16 fógra i dtaobh substaintí nua laistigh den fhráma ama sainordaitheach chomh maith le 29 díolúine ó fhógra a thabhairt, 28 nuashonrú ar fhógra, moladh amháin i dtaobh tástála do leibhéal níos airde, agus 3 fhógra do leibhéal níos airde.

Cuireadh measúnú priacail ar thrí shubstaint cheimiceacha ardthosaíochta chun cinn, agus ghlac an tÚdarás páirt i 36 cruinniú AE agus i ngrúpaí oibre eile ar fhorbairt reachtaíochta a bhaineann le sábháilteacht cheimiceach.

# Sábháilteacht Cheimiceach

Rinne cigirí an Údaráis athbhreithniú ar mheasúnachtaí priacail scríofa i dtaobh ceimiceán agus carcanaiginí le linn 2,593 imscrúdú i 2005. Bhí siad seo le bheith curtha isteach sa ráiteas sábháilteachta chun na príomhghuaiseacha san ionad oibre a aithint agus na beartais rialaithe cuí a shainiú.

Rinne na cigirí monatóireacht ar fhorfheidhmiú na mbeartas rialaithe seo san ionad oibre, infhaighteacht na mbileog sonraí sábháilteachta san áireamh.

# Sláinteachas Saothair

Déanann an tÚdarás forfheidhmiú ar reachtaíocht a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha, caracanaiginí, aispeist agus oibreáin bhitheolaíochta, agus cuireann sé rialacháin agus treoracha gaolmhara ar fáil maidir le hoibreáin fhisiciúla, torann agus creathadh san áireamh.

I rith na bliana, dréachtaíodh sraith rialachán ilchodach a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha agus bhitheolaíochta agus le caracanaiginí.

Rinneamar 235 imscrúdú onnghníomhach agus frithghníomhach i 2005 ag díriú ar mhúch sceite díosail agus ar dheannach adhmaid. Rinne na himscrúduithe seo monatóireacht ar nochtadh d'oibreáin cheimiceacha san ionad oibre ag díriú ar bheartais rialaithe ginearálta bunaithe ar mheasúnú priacail. Rinneadh 30 imscrúdú breise i dtaca le hoibreáin bhitheolaíochta.

Rinneadh athbhrethniú ar 372 fógra aispeiste, a ráitis mhodha san áireamh, agus imscrúdaíodh 265 oibríocht um scamhadh aispeiste. D'fhoilsíomar treoracha maidir le hoibriú le stroighin aispeiste.

Bhíomar rannpháirteach go gníomhach ag leibhéal an AE maidir le ceimiceáin agus aispeist. Chuir an tÚdarás ionchur teicniúil ar fáil do chruinnithe AE maidir le forbairt Treoracha an AE faoi Aispeist agus freisin an Treoir mholta um Radaíocht Optúil

# Iompar agus Stóráil na nEarraí Contúirteacha

Le linn 2005, rinneadh 887 scrúdú bóthair ar 763 feithicil a iompraíonn earraí contúirteacha agus rinneadh 124 feithicil a sheiceáil le haghaidh iompair earraí contúirteacha

Rinneadh 50 imscrúdú le hiompróirí agus coinsíneoirí earraí contúirteacha maidir leis na Teastais Cheadúnú Feithicle riachtanacha.

Imscrúdaíodh 75 Staisiún Peitril agus eisíodh ceadúnais agus toiliú de réir na Rialachán um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriliam Miondíola agus Príobháideacha).

Phróiseáil an tÚdarás gach achomharc ar dhiúltú ceadúnas staisiún peitril laistigh de thrí mhí ón tráth a fuarthas iad.

Chomhlíon an tÚdarás feidhm an údaráis inniúil maidir le reachtaíocht Chreatlach ADR (Earraí Contúirteacha a Iompar ar Bóthar) agus Comhairleoir Sábháilteachta. Rinneamar bainistíocht ar scéim tiománaithe an ADR. Reáchtáladh 48 scrúdú agus rinneadh imscrúdú ar 1841 tiománaí. Ceadaíodh cúig cinn déag de chúrsaí ADR a chuireann oiliúint do thiománaithe ar fáil. Rinne an tÚdarás bainistíocht ar scéim imscrúdaithe do chomhairleoirí sábháilteachta um earraí contúirteacha.

D'ullmhaíomar dréachtrialacháin leasaithe i dtaobh Earraí Contúirteacha a Iompar ar Bóthar chun forálacha ADR 2005 a chur i bhfeidhm.

D'fhreastail an tÚdarás ar na grúpaí oibre teicniúla agus na sainghrúpaí idirnáisiúnta, náisiúnta, UNECE, agus AE; d'ullmhaigh sé mionteagaisc agus thacaigh sé leis na Ranna Rialtais chuí chun rochtain na hÉireann ar chomhaontú ADR a chur chun cinn.

# Láimhsiú Sábháilte

I rith 2005, rinne an tÚdarás imscrúduithe ar láimhsiú sábháilte i roinnt earnálacha ardphriacail, an earnáil miondíola san áireamh. Rinneadh 262 imscrúdú ar láimhsiú sábháilte ag tabhairt aghaidhe ar oiliúnt, inniúlacht oiliúnóra, agus ullmhúchán agus cur i bhfeidhm measúnuithe priacail thar roinnt earnálacha oibre.

**Táscairí Géilliúlachta:**

Rinneadh comparáid idir rátaí géilliúlachta 2004 agus 2005 i dtaobh na gceisteanna thuas, agus taispeánann siad feabhas áirithe.

**Rátaí Géilliúlachta um Láimhsiú Sábháilte**

| GÉILLIÚLACHT/BLIAIN 2004 2005 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|
| Géilliúlacht Iomlán/Fhorleathan | 44% | 50% |
| Roinnt Géilliúlachta | 26% | 21% |
| Géilliúlacht theoranta/ gan aon ghéilliúlacht | 30% | 29% |

***Nóta 1:*** *Dírítear cuid mhaith d'imscrúduithe an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic toisc feidhmíocht neamhshásúil a bheith acu i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearáin a fuarthas fúthu. Seans nach fíor na táblaí seo i gcás eagraíochtaí eile.*

# Sábháilteacht Innealra

I 2005, rinne an tÚdarás forálacha na rialachán innealra reatha a fhorfheidhmiú agus chuidigh sé le forbairt Treoir Innealra nua an AE trí fhreastal thar ceann na hÉireann ar na coistí cuí inar phléadh innealra agus brú-shoithí. Chuamar i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta maidir leis seo.

Cuireadh Dréacht-rialacháin agus Treoracha um Threalamh Ardaithe i gcrích chomh maith. Rinneadh forbairt ar chomhthionscnaimh um shábháilteacht innealra le Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann.

Rinneadh 111 imscrúdú ar fad ar shábháilteacht innealra.

**Táscairí Géilliúlachta**

Cuireadh rátaí géilliúlachta 2005 i dtaobh na gceisteanna thuas maidir leis na himscrúduithe ar innealra i gcomparáid leis na figiúirí i 2004. Taispeánann figiúirí 2005 feabhas mór i gcomparáid le 2004. Bhí géilliúlacht theoranta, áfach, nó géilliúlacht ar bith ann i gcás ceathrú de na himscrúduithe a rinneadh. Leanfar leis an gclár imscrúdaithe seo i 2006.

**Rátaí Géilliúlachta do Shábháilteacht Innealra**

**GÉILLIÚLACHT/BLIAIN 2004 2005**

| GÉILLIÚLACHT/BLIAIN 2004 2005 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|
| Géilliúlacht Iomlán/Fhorleathan | 37% | 58% |
| Roinnt Géilliúlachta | 16% | 19% |
| Géilliúlacht theoranta/ gan aon ghéilliúlacht | 47% | 23% |

***Nóta 1:** Dírítear cuid mhaith d'imscrúduithe an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic toisc teist neamhshásúil a bheith orthu i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearáin a fuarthas fúthu. Seans nach fíor na táblaí seo i gcás eagraíochtaí eile.*

# Gluaiseachtaí Feithicle / Fearais san Ionad Oibre

Aithníodh gluaiseachtaí feithicle agus fearais san ionad oibre mar ghníomhaíochtaí ardphriacail sna hearnálacha ar fad toisc gur bhain go leor gortuithe marfacha agus tromchúiseacha d'oibrithe, coisithe san áireamh, leo.

Chun bainistiú sláinte agus sábháilteachta sa réimse ardphriacail seo a fheabhsú ab amhlaidh a rinneamar 495 imscrúdú laistigh de na hearnálacha tionsclaíocha ar fad, agus dhíríomar ar mhonatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht riachtanas ráiteas sábháilteachta/bainistíochta sláinte agus sábháilteachta

Chuir an clár imscrúdaithe béim ar leith ar ghluaiseachtaí feithicle, timpistí cúlaithe a chosc, dul isteach/amach ó airde/luchtanna arda, gníomhaíochtaí luchtaithe/dí-luchtaithe ag bánna ualaithe agus láimhsiú ábhar.

Chuaigh an tÚdarás i mbun idirchaidrimh le grúpaí ionadaíocha ón earnáil iompair freisin chun chomhthionsnaimh shláinte agus sábhailteachta a chumasú.

**Táscairí Géilliúlachta**

Rinneadh comparáid idir rátaí géilliúlachta 2004 agus 2005 i dtaobh na gceisteanna thuas, agus taispeánann siad feabhas suntasach a bhfuil fáilte roimhe.

**Rátaí Géilliúlachta do Ghluaiseachtaí Feithicle/Fearais san Ionad Oibre**

**GÉILLIÚLACHT/BLIAIN 2004 2005**

| GÉILLIÚLACHT/BLIAIN 2004 2005 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|
| Géilliúlacht Iomlán/Fhorleathan | 39% | 60% |
| Roinnt Géilliúlachta | 38% | 33% |
| Géilliúlacht theoranta/ gan aon ghéilliúlacht | 23% | 7% |

***Nóta 1:*** *Dírítear cuid mhaith d'imscrúduithe an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic toisc teist neamhshásúil a bheith orthu i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearáin a fuarthas fúthu. Seans nach fíor na táblaí seo i gcás eagraíochtaí eile.*

# 3. Cláir ar fud gach earnáil

## Sábháilteacht an Ionaid Oibre agus Bainistiú Sláinte

Teastaíonn córais bhainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta i gcroílár na bainistíochta ginearálta in ionaid oibre ar fud an Stáit, a dhéanfaidh measúnú ar phriacail agus a ullmhóidh ráitis shábháilteachta. Cuimsíonn sé seo den chuid is mó ullmhú agus cur i bhfeidhm an ráitis sábháilteachta.

Cuardaíodh ráitis sábháilteachta i 94% d'ionaid oibre a ndearnadh imscrúdú orthu i 2005, agus bhí siad ar fáil i 76% de na hionaid oibre seo. Rinneadh monatóireacht ar eochair-phriacail samplacha a aithníodh sna ráitis seo féachaint an raibh bearta coiscthe i bhfeidhm.

**Táscairí Géilliúlachta**

Cuireadh rátaí géilliúlachta idir 2004 agus 2005 i gcomparáid le chéile, agus tá titim sa leibhéal géilliúlachta:

**Rátaí Géilliúlachta d'Ullmhú agus Cur i bhFeidhm an Ráitis Sábháilteachta**

| GÉILLIÚLACHT/BLIAIN 2004 2005 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|
| Géilliúlacht Iomlán/Fhorleathan | 63% | 55% |
| Roinnt Géilliúlachta | 30% | 41% |
| Géilliúlacht theoranta/ gan aon ghéilliúlacht | 7% | 4% |

Díreofar níos mó ar an riachtanas seo i 2006.

***Nóta 1:** Dírítear cuid mhaith d'imscrúduithe an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic toisc teist neamhshásúil a bheith orthu i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearáin a fuarthas fúthu. Seans nach fíor na táblaí seo i gcás eagraíochtaí eile.*

## Cur i bhFeidhm an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas san Ionad Oibre, 2005

Tá an tÚdarás ag tabhairt isteach agus ag cur i bhfeidhm cláir imscrúdaithe onnghníomhach faoin Acht 2005. San áireamh leis seo a bheidh comhairle agus eolas a thabhairt d'fhostóirí agus d'fhostaithe agus bearta forfheidhmithe a dhéanamh nuair is gá sin.

Cuireadh Acht 2005 i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2005 agus bhain cigirí leas as a n-imscrúduithe chun fostóirí a chur ar an eolas faoi na riachtanais nua. Cuireadh béim ar leith ar na hathruithe a bhaineann le measúnú priacail a dhéanamh, ráitis sábháilteachta a ullmhú agus a nuashonrú agus dliteanais na Stiúrthóirí, i measc forálacha eile. Rinneadh caingne forfheidhmithe faoi Acht 2005 nuair ba ghá sin, go háirithe i dtaobh imscrúduithe ar thimpistí tar éis 1 Meán Fómhair 2005.

# Cigireachtaí Frithghníomhacha

Rinneadh imscrúdú ar gach timpiste mharfach a tuairiscíodh i 2005. Leanadh díobh de réir mar ba ghá agus cuireadh comhaid chuig an Stiúrthóir Iomchuiseamh Poiblí/Oifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh nuair a chonacthas sárú na reachtaíochta agus nuair a bhí an fhianaise riachtanach ann chun tacú le hionchúiseamh.

Imscrúdaíodh thart ar 10% de timpistí neamh-mharfacha tromchúiseacha (931) agus tuairiscíodh orthu. I rith 2005, fuarthas 3,930 gearán, rinneadh iniúchadh ar 3,631 (92%) díobh, agus cuireadh tuairiscí ar fáil.

Níor tugadh faoi obair frithghníomhach laistigh de théarmaí Alt 12 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus roimhe sin Alt 7 de Acht 1989, .i. sa chás go bhféadfadh sábháilteacht an phobail a bheith i mbaol ó ghníomhaíochtaí oibre, ach amháin nuair a bhí tionchar díreach ag na gníomhaíochtaí oibre ar shláinte agus ar shábháilteacht an phobail lenar bhain.

# Ionchúisimh agus Caingin Chúirte

Cleachtann an tÚdarás rialachas láidir lena chinntiú go ndéanfar imscrúduithe agus ullmhú comhad ar ardchaighdeáin.

I rith na bliana atá faoi athbhreithniú:

- Cuireadh na comhaid imscrúdaithe ar fad chuig an Stiúrthóir Ionchuiseamh Poiblí (SIP) de réir nósanna imeachta agus formáidí aontaithe Oifig an Stiúrthóra Ionchuiseamh Poiblí.
- Cuireadh Aonad Fiosrúcháin Speisialta an Údaráis ar bun i 2005, agus dhírigh sé ar gach timpiste agus teagmhas marfach a imscrúdú agus a thuairisciú dár tharla i 2005 agus a d'ardaigh ceisteanna casta imscrúdaithe agus teicniúla.
- Cuireadh i bhfeidhm ár nósanna imeachta ionchúisimh leasaithe sa phróiseas forfheidhmithe agus imscrúdaithe de réir dea-chleachtais.
- Leanamar de bheith ag obair i gcomhar leis An Garda Síochána chun an leibhéal comhoibrithe is fearr a bhaint amach idir an dá ghníomhaireacht imscrúdaithe.

**Táscaire Feidhmíochta d'Ionchúiseamh**

| CINEÁL IMEACHTAÍ | IOMLÁN A ÉISTEADH | % NA gCÁSANNA A ÉISTEADH GO hACHOMAIR AGUS AR DÍOTÁIL | LÍON DÍFE | % CIONTUITHE | AN tACHT PROMHAIDH CHIONTÓIRÍ CURTHA I bhFEIDHM | % CUAIRTEANNA BEART GLACTHA FÍNEÁLACHA |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Achomair | 22 | 55% | 5 | 77% | 1 | 31,588 |
| Díotáil | 18 | 45% | 1 | 94% | 0 | 431,750 |
| **Iomlán** | **40** | **100%** | **6** | **85%** | **1** | **463,338** |

Féach Aguisín C chun liosta iomlán de Thorthaí Ionchúiseamh le haghaidh 2005 a fháil.

# Córais Fhorfheidhmithe

Cuireadh córais nua i bhfeidhm chun tacú le bainistíocht imscrúdaithe agus forfheidhmithe. Cuireann sé freisin ar chumas na gcigirí díriú níos fearr ar ionaid oibre le haghaidh imscrúdaithe agus forfheidhmithe agus an méid is mó ama a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí díreacha leis an gcustaiméir:

Rinneadh nuashonrú ar Threoir um Fhorfheidhmiú na gCigirí chun cloí le hAcht 2005 agus ullmhaíodh treoracha nua faoi ábhair oibriúcháin. Rinneadh imscrúduithe ar thimpistí agus ar ghearáin ag teacht le nósanna imeachta aontaithe.

# Socrúcháin Teagmhála leis an Ionad Oibre

I rith na bliana a baineadh amach roinnt feabhsúchán suntasach maidir le heolas a chur chuig ionaid oibre agus eolas a fháil uathu. Ar na critéir a úsáidtear chun é seo a thomhas atá tráthúlacht, caighdeán agus ábharthacht na dteagmhálacha idir an tÚdarás agus a chustaiméirí, agus an rochtain fhoriomlán.

- Cuireadh córas socrúcháin teagmhála nua ar bun i lár 2005. Cuimsíonn an córas suíomh gréasáin fheabhsaithe, ceisteanna coitianta feabhsaithe (CC), córas eolais teileafóin ar an toirt, agus socrúcháin tuairiscithe níos fearr maidir le gearáin agus timpistí. Tacaíodh leis an gcóras trí bhunachar sonraí faisnéise a fhorbairt.
- Ó dháta bunaithe an aonaid i mí Iúil, láimhseáil sé 17,567 glao i 2005. B'iarratais ar eolas agus ar fhoilseacháin 15,343 díobh sin. Ba ghearáin faoi shábháilteacht san ionad oibre 2,124 díobh.
- Fuair aonad Shaoráil Faisnéise an Udaráis 184 iarratas chomh maith. Próiseáladh 96% de na hiarratais ar fad laistigh de na spriocanna sonraithe. (Cuireadh an fuílleach ar an eolas faoi mhoill ar bith agus na cúiseanna a bhain léi).
- Chomhlíon an tAonad um Theagmháil leis an Ionad Oibre agus an tAonad Shaoráil Faisnéise araon táscairí feidhmíochta um shástacht custaiméirí, arna dtomhas i mí na Samhna 2005.

# Clár Cosanta Deonach

Thug an tÚdarás ceannas d'fhorbairt Chomhchláir Chosanta Deonaigh (VPP) i gcomhar le Riarachán Sábháilteachta agus Sláinte Saothair Roinn Oibre na Stát Aontaithe agus Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann.

De réir taighde ó na SAM, bíonn níos lú timpistí marfacha, gortuithe agus tinnis i suímh VPP agus go ginearálta is ionaid oibre níos fearr iad.

Ba í Éire an chéad tír san AE a chuir ar bun samhail de scéim cháiliúil SAM um aithint sláinte agus sábháilteachta. Chuaigh cúig mhórchuideachta in Éirinn i ngleic go díograiseach le clár píolóta VPP i 2005. Tá iniúchadh iomlán déanta ar phéire díobh agus creidiúnú tugtha dóibh. Tá measúnú sceidealta do na trí cinn eile i 2006.

# Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha

Tá comhghuaillíochtaí straitéiseacha bunaithe ag an leibhéal náisiúnta chun feabhais intadhaill a bhaint amach i réimsí a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu.

- Chruthaigh an tÚdarás comhghuaillíocht le Líonraí BSL. Aontaíodh ar chlár iomlán oibre idir an dá eagraíocht chun tabhairt faoin tsábháilteacht leictreach in earnáil na Tógála agus na Talmhaíochta. Cuireadh tús leis an obair sa dá chlár i 2005 le comhthionscnaimh choiscthe agus cur chun cinn na sábháilteachta.
- Chruthaigh an tÚdarás comhghuaillíocht le Teagasc chun comhthionscnaimh a fhorbairt a thacaíonn le sábháilteacht feirme. Mar thoradh ar an gcomhghuaillíocht seo ab ea a forbraíodh an chéad chód cleachtais d'fhiontair fheirmeoireachta le triúr fostaithe nó níos lú, agus rinneadh píolótaíocht air sin.

# Micrea-Ghnó

Is réimse fócais tábhachtach don Údarás é Micrea-Ghnóthaí mar a bhfuil níos lú ná 10 duine fostaithe. Bíonn socrúcháin oibre neamhfhoirmiúla i bhfeidhm, agus dá bharr sin d'fhéadfadh timpistí gan choinne tarlú. Tá céimeanna glactha ag an Údarás chun dul i ngleic le feabhsúcháin sláinte agus sábháilteachta i measc micrea-ghnóthaí.

Dhíríomar i 2005 ar shonraí agus taighde a bhailiú faoin earnáil agus clár a fhorbairt chun riachtanais eolais agus géilliúlachta a shásamh, de réir mar a aithníodh iad tríd an gcur chuige seo.

Soláthróidh taighde a rinneadh i 2005, i measc níos mó ná 1,400 micrea-ghnó, eolas luachmhar faoi chineál agus formáid idirghabhálacha an Údaráis amach anseo don earnáil.

Tá clár beartais á fhorbairt a chuimsíonn eolas atá leagtha amach do riachtanais earnálacha ar leith, oiliúnt úineirí/bainisteoirí agus meantóireacht arna ndéanamh ag eagraíochtaí seanbhunaithe. Forbraíodh "sraith sábháilteachta simplí " chomh maith d'ábhair chumarsáide, deartha chun tacú leis an earnáil.

# Sláinte Saothair

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana chun straitéis náisiúnta a fhorbairt um bainistíocht fhadtéarmach sláinte cheirde. Tá sainghrúpa ann agus leathnaíodh raon an tionscnaimh chun leas ceirde a chur san áireamh.

Tugadh faoi na tionscnaimh eile seo a leanas:

- Cuireadh comhairliúchán i gcrích, agus cuireadh sainghrúpa ar bun chun córas deimhniúcháin nua a fhorbairt dOiliúnt agus Bainistíocht Gharchabhrach
- Treoirlínte um Láimhsiú Sábháilte críochnaithe agus foilsithe
- Athsheoladh pacáiste leasaithe *Work Positive* i gcomhar le Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann
- Forbraíodh Sain-Treoirlínte um Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta don earnáil Airgeadfaoi Bhealach
- Aontaíodh ar Mheamram Tuisceana leis an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (RPII)
- Cuireadh tuarascáil taighde ar Láimhseáil Bagáiste ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcrích, agus foilsíodh í.

# Caidrimh Phreasa agus Poiblí

Tá ról fíorthábhachtach ag foireann Cumarsáide an Údaráis i gcur chun cinn leanúnach na n-eochairtheachtaireachtaí faoi shábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair do lucht éisteachta éagsúla. Ní hionann agus eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí; tá ról an tsoláthraí eolais agus an tionscnóra sábhailteachta ceirde, sláinte agus leasa i gcroílár ár tsainchúraim. Éilíonn an ról sin gníomhaíocht leanúnach chun na dúshláin a bhaineann le fórsa saothair athraitheach a shásamh.

I 2005, chomh maith leis na meáin chumarsáide a choinneáil ar an eolas maidir lenár n-oibriúcháin, bhainistigh an roinn cumarsáide feachtais eolais ar leith, agus ba é an chéad phointe teagmhála do na meáin é agus iad ag fiosrú ceisteanna éagsúla sláinte agus sábháilteachta, imscrúduithe an Údaráis féin ina measc.

I rith na bliana, shocraigh an roinn cur chun cinn an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 trí fheachtais a reáchtáil ar bhonn náisiúnta agus áitiúil araon. Reáchtáil an tÚdarás sraith seimineár ar Acht 2005 in áiteanna éagsúla ar fud na tíre ina raibh ní ba mhó ná 5,000 rannpháirtí.

Chuir an tÚdarás athbhreithniú ar bun ar ár bpróisis phraghsála agus comhlíonta d'fhoilseacháin, agus cuireadh feabhsúcháin i rochtaineacht dár gcustaiméirí i bhfeidhm. Leanfar leis na feabhsúcháin seo i rith 2006, agus díreofar níos mó ar éifeachtúlachtaí agus ar náisiúnaithe neamh-Éireannacha a aimsiú.

**Pointe Fócais Ghníomhaireacht na hEorpa um Shábháilteacht agus Sláinte (Bilbo/Bilbao)**

Rinne an tÚdarás bainistiú ar an bPointe Fócais do Ghníomhaireacht na hEorpa i 2005. Feidhmíonn sé seo mar phointe teagmhála agus idirghábhála in Éirinn do Ghníomhaireacht na hEorpa do Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, atá lonnaithe in Bilbo/Bilbao. Reáchtáil Líonra Náisiúnta Phointe Fócais na hÉireann cruinniú amháin i 2005. Rinne an Pointe Fócais comhordú ar eolas agus cur chun cinn Sheachtain Sábhailteachta na hEorpa.

# Reachtaíocht agus Treoir

Tá sé de dhualgas ar an Údarás cuidiú le forbairt agus cothabháil creatlaí nua-aimseartha de reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta. Chun na críche seo, cuireadh anailís theicniúil, comhairle agus tacaíocht shuntasach ar fáil don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le linn forbairt an Achta 2005, a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2005.

Bhain mórchuid gníomhaíochta le forbairt agus dréachtú na rialachán gaolmhar chomh maith.

Thug an tÚdarás faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí, mar atá sonraithe in Alt 57 d'Acht 2005, ar mholtaí a bhaineann leis na rialacháin seo a leanas agus na treoirlínte gaolmhara;

- Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta)
- Dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) (agus dréacht-threoirlínte gaolmhara) Dréacht de "Guidelines on the Design and Management of Construction Projects"
- Dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) agus an tOrdú Cúlghairme agus Aisghairme gaolmhar (agus Treoirlínte Gaolmhara)

Ullmhaíodh freisin dréacht-Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tumadóireacht) lena ndréacht-Chód Cleachtais gaolmhar.

Táthar ag pleanáil iad seo ar fad a chríochnú agus a chur faoi bhráid an Aire i 2006.

**Cóid Chleachtais agus Treoirlínte**

D'fhoilsigh an tÚdarás treoir mhionsonraithe "Guide to the Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005 agus "Short Guide to the Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005" chun is go mbeidís ar fáil nuair a thiocfadh Acht 2005 i bhfeidhm.

Forbraíodh na treoirlínte gaolmhara seo a leanas i rith na bliana, lena bhfoilsiú i 2006.

- Treoirlínte ar Mheasúnachtaí Priacail agus Ráitis Sábhailteachta
- Treoirlínte ar Shábháilteacht san Ionad Oibre agus Bainistíocht Sláinte
- Treoirlínte ar Chomhairliúchán Sábháilteachta agus Ionadaithe Sábháilteachta
- Dréacht-treoirlínte ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Rialacháin faoi Obair ag Airde)
- Dréacht-treoirlínte ar Rialacháin Chreathaidh nua

# Éifeachtúlachtaí Inmheánacha

Ar feadh na bliana, chuir an tÚdarás roinnt tionscnamh i bhfeidhm chun éifeachtúlacht agus feidhmíocht a fheabhsú agus chun an úsáid ab fhearr a bhaint as acmhainní.

**Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide**

Rinneadh roinnt feabhsúchán dár gcórais um Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide lena n-áirítear beartais slándála nua a shuiteáil ar an líonra, feidhmchláir riaracháin nua, forbairtí inlín, agus tús a chur le clár chun ár gcórais athshlánaithe anachaine agus leanúnachais ghnó don todhchaí a uasghrádú.

**Acmhainní Daonna**

Chuidigh nósanna imeachta acmhainní daonna an Údaráis le baint amach na gcuspóirí. I measc na gcleachtas seo a bhí idirghabháil leis an bhfoireann trí chomhairle caidrimh thionsclaíoch, méid suntasach oiliúna foirne agus aonair, bainistíocht feidhmíochta, agus socrúchán láidir leanúnach sa chlár gradam (scór: 93%, 2005). Lean an tÚdarás le hobair ar a phleananna díláraithe ar feadh 2005, agus bhí plé leanúnach aige lena lucht foirne, lena mháthair-roinn agus leis an Roinn Airgeadais.

**Airgeadas**

Déantar athbreithniú leanúnach ar chórais Chuntasaíochta agus rialaithe. Rinneadh uasghrádú rathúil ar Chóras Airgeadais an Údaráis i 2005, a chuimsigh córas leictreonach taistil agus cothabhála. Cuireadh ocht dtuarascáil iniúchta inmheánacha i gcrích a raibh torthaí sásúla orthu. Bhí Caiteachas do 2005 laistigh den bhuiséad agus chloígh an tÚdarás le caighdeáin um íoc pras. Bhí tuarascáil géilliúlachta mar thoradh ar iniúchadh ar an Údarás a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Eolas agus Taighde**

Is é beartas an Údaráis é tionscnaimh a chur i bhfeidhm ar bhonn riachtanais sainithe sa mhargadh. Is ina leith seo a dhéanann an tÚdarás réamhthaighde agus anailís staitistiúil chúlghabhálach chun earnálacha d'ionaid oibre a aimsiú ina dteastaíonn idirghábháil go géar - seachas feachtais choiscthe dírithe ar lucht éisteachta níos leithne.

Tá coiste taighde curtha ar bun agus nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le cur isteach moltaí taighde inmheánacha agus seachtracha chun a chinntiú go dtiocfaidh forás ar an gcur chuige seo atá bunaithe ar fhianaise.

# Tuairiscí Airgeadais

# Ráiteas um Rialacháin Inmheánacha Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005

Thar ceann bhaill bhoird an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, aithním ár bhfreagracht as a chinntiú go bhfuil córas rialacháin airgeadais inmheánaigh á chothabháil agus á fheidhmiú. Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta nach absalóideach í a sholáthair go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, idirbhearta ceadaithe agus taifeadta mar is cóir, earráidí ábhartha nó mírialtachtaí á gcosc nó go n-aimseofaí iad go tráthúil.

# Eochairnósanna Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an Údarás chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm trí –

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir
- Nósanna imeachta foirmiúla a chur ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus bearta ceartaitheacha iomchuí a chinntiú.
- Próiseas a chur ar bun chun sócmhainní an Údaráis a chosaint.
- Timpeallacht cuntasachta a fhorbairt ar fud na heagraíochta ag gach leibhéal.

**Chuir an tÚdarás próisis ar bun chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú trí –**

- Cineál, méid, agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá os comhair an Údaráis a aithint, lena n-áirítear na catagóirí agus an méid a mheasann an tÚdarás a bheith inghlachta.
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an Údaráis na rioscaí a tharlóidh a bhainistiú agus a mhaolú
- Costas oibriúcháin de rialacháin ar leth a mheasúnú i gcoibhneas leis an tairbhe a gheofaí uathu
- Oibriú go dlúth i gcomhar leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann i dtaobh cuspóirí an Údaráis agus tacaíocht do na straitéisí atá ann chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Tá an córas rialacháin airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach d'eolas bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt idir dualgais, agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Cuimsíonn sé go háirithe –

- Córas buiséadaithe cuimsithe le buiséad bliantúil arna athbhreithniú agus arna cheadú ag Bord an Údaráis
- Athbhreithnithe rialta an Údaráis ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla a thaispeánann feidhmíocht airgeadais os coinne réamh-mheastachán
- Spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- Treoirlínte ceannaigh agus ceadaithe atá sainithe go soiléir
- Rialacha foirmiúla do bhainistíocht tionscadail

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh curtha i bhfeidhm ag an Údarás, agus oibríonn sé de réir an Chreatchóid um Dheachleachtas leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá obair an iniúchta inmheánaigh bunaithe ar anailís a dhéanamh ar na rioscaí os comhair an chomhlachta, agus bíonn pleananna bliantúla don iniúchadh inmheánach bunaithe ar an anailís seo. Formhuiníonn an Coiste Iniúchta an anailís riosca agus pleananna an iniúchta inmheánaigh, agus ceadaíonn an tÚdarás iad. Cuirfidh an tIniúchóir Inmheánach tuairisc ar ghníomhaíochtaí iniúchta inmheánaigh faoi bhráid an Údaráis ar bhonn bliantúil ar a laghad. Cuimsíonn an tuairisc tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh faoi leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Agus an tÚdarás ag déanamh monatóireachta agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh, cuireann sé san áireamh obair an iniúchóra inmheánaigh, an Choiste Iniúchta a mhaoirsíonn obair an iniúchóra inmheánaigh, an Fheidmeannacht laistigh den Údarás atá freagrach as an gcreatlach rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus ar ráitis a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

# Athbhreithniú Bliantúil ar Rialacháin

Déanann Coiste Iniúchta an Údaráis athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh, agus ina dhiaidh sin téann tuairisc fhoirmiúil go dtí an Bord. Déanann an Bord athbhreithniú go treimhsiúil, i gcomhairle lenár n-iniúchóirí inmheánacha, ar a rialacháin airgeadais trína Choiste Iniúchta.

Chomh fada lenár n-eolas, níor tharla aon chaillteanas ábhartha don Údarás mar thoradh ar leordhóthanacht nó easpa leordhóthanachta an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh a bhí i bhfeidhm i rith 2005.

Toisc go bhfuil an Bord réasúnta sásta leis na socruithe rialaithe airgeadais inmheánaigh, níl sé i gceist aige aon athrú suntasach a dhéanamh i rith 2006, seachas na córais atá ann a fhorbairt le teicneolaíocht nua.

Thar ceann an Bhoird.

**Jim Lyons**

Cathaoirleach

Aibreán 2006

# Ráiteas Airgeadais 2005

Bristear síos Ioncam agus Caiteachas an Údaráis do 2005 mar seo a leanas –

| **Ioncam** € 000 | | |
|---|---|---|
| Deontas Bliantúil | 18,149 | (Nóta 1) |
| Ioncam Eile | 932 | |
| Ioncam Iomlán | 19,081 | |
| Caiteachas | (19,188) | (Nóta 1) |
| Barrachas/(Easnamh) | (107) | (Nóta 2) |

# Príomh-Cheannteidil Chaiteachais 2005

Costais Fhoirne

Cíos agus Cóiríocht

Taisteal agus Cothabháil

Trealamh agus TF

Costais Chumarsáide

Margaíocht agus Caidrimh Phoiblí

Costais Oibriúcháin Eile

Nóta 1: Tá na figiúirí thuas d'ioncam agus caiteachas bunaithe ar shuimeanna airgid iarbhír a fuarthas agus a caitheadh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005.

Nóta 2: Taispeánann an t-athrú (€107k) caiteachas iomlán a thagann laistigh de 0.6% den bhuiséad bliantúil.

# Aguisíní

## Aguisín A

Imscrúdú agus Forfheidhmiú

## Aguisín B

Reachtaíocht agus Gníomhaíocht Treorach i 2005

## Aguisín C

Coistí Comhairleacha agus Grúpaí Oibre

# AGUISÍN A

## Imscrúdú agus Forfheidhmiú

**Tábla A1.1 Líon na n-imscrúduithe 2001-2005**

| Bliain | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na n-imscrúduithe | 14,929 | 12,896 | 10,704 | 11,382 | 13,552 |

Tugtar briseadh síos ar líon na n-imscrúduithe i 2005 de réir earnálacha eacnamaíocha i dTábla A1.2. Ba sna hearnálacha a leanas ba mhó a rinneadh imscrúduithe: An tógáil (6203), An déantúsaíocht (2277 cuairt), Mórdhíol agus Miondíol (1257 cuairt) agus an Talmhaíocht (1187 cuairt). Taispeánann Tábla A1.2 briseadh síos de réir an chineáil imscrúdaithe freisin. B'imscrúduithe ginearálta ar leibhéal géilliúlachta iad breis agus 80% den iomlán; d'eascair 11% díobh as gearán a rinneadh agus ba mar thoradh ar thuairiscí timpiste 8% díobh.

**Tábla A1.2 Líon na n-imscrúduithe de réir earnála agus chineál an imscrúdaithe.**

| EARNÁIL EACNAMAÍOCH | IMSCRÚDÚ AR GHÉILLIÚLACHT | CINEÁL IMSCRÚDUITHE GEARÁN A FHIOSRÚ | TIMPISTE A FHIOSRÚ | LÍON IOMLÁN NA nIMSCRÚDUITHE |
|---|---|---|---|---|
| A- Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht | 1128 | 21 | 38 | 1187 |
| B-Iascach | 1 | 2 | 1 | 4 |
| C – Mianadóireacht agus cairéalú | 410 | 41 | 49 | 500 |
| D - Déantúsaíocht | 1917 | 133 | 227 | 2277 |
| E- Leictreachas / gás / uisce | 47 | 6 | 9 | 62 |
| F - Tógáil | 4814 | 911 | 478 | 6203 |
| G- Mórdhíol / miondíol; deisiú mótarfheithiclí, earraí pearsanta agus tís | 1045 | 128 | 84 | 1257 |
| H – Óstáin / bialanna | 41 | 26 | 7 | 74 |
| I- Iompar, stóráil, cumarsáid | 801 | 68 | 49 | 918 |
| J - Idirghabháil airgeadais | 10 | 3 | 1 | 14 |
| K- Eastát réadach, ligean ar cíos, gnó | 361 | 37 | 37 | 435 |
| L- Riarachán poiblí / cosaint | 137 | 39 | 51 | 227 |
| M - Oideachas | 29 | 21 | 7 | 57 |
| N – Sláinte / obair shóisialta | 114 | 18 | 16 | 148 |
| O- Seirbhísí pobail, sóisialta agus pearsanta eile | 137 | 35 | 14 | 186 |
| **Iomlán** | **10992** | **1489** | **1068** | **13549** |

Léiríonn Tábla A1.3 mionsonraí an fhorghníomhaithe a cuireadh i gcrích de bharr na n-imscrúduithe. Ba san earnáil tógála ba mhó a eisíodh fógraí toirmisc (393 fógra toirmisc as 493). Sna hearnálacha Déantúsaíochta agus Tógála ba mhó a eisíodh fógraí feabhsúcháin, 131 agus 118 fógra feabhsúcháin faoi seach. Ba sna hearnálacha Mianadóireachta agus Cairéalaithe, Oideachais agus Talmhaíochta faoi seach ba mhó a cuireadh i gcrích an forghníomhú. San iomlán, bhí forghníomhú i gceist mar thoradh ar 7% de na cuairteanna a rinneadh i 2005.

**Tábla A1.3: Líon na n-imscrúduithe de réir earnála agus forghníomhaithe**

**LÍON NA bhFORGHNÍOMHUITHE**

| | | LÍON NA bhFORGHNÍOMHUITHE | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| EARNÁIL EACNAMAÍOCH | LÍON NA nIMSCRÚDUITHE | FÓGRAÍ TOIRMISC | FÓGRAÍ FEABHSÚCHÁIN | TREORACHA FEABHSÚCHÁIN | COMHAIRLE SCRÍOFA* | % CUAIRTEANNA INA nDEARNADH GNÍOMHÚ |
| A - Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht | 1187 | 42 | 54 | 0 | 263 | 30 |
| B – Iascach | 4 | 0 | 0 | 0 | 1 | 25 |
| C – Mianadóireacht agus cairéalú | 500 | 21 | 41 | 0 | 230 | 58 |
| D - Déantúsaíocht | 2277 | 26 | 131 | 5 | 846 | 44 |
| E - Leictreachas / gás / uisce | 62 | 0 | 0 | 0 | 32 | 52 |
| F - Tógáil | 6203 | 393 | 118 | 2 | 2350 | 46 |
| G - Mórdhíol / miondíol; deisiú mótarfheithiclí, earraí pearsanta agus tís | 1257 | 8 | 55 | 3 | 419 | 39 |
| H - Óstáin / bialanna | 74 | 1 | 4 | 0 | 23 | 38 |
| I - Iompar, stóráil, cumarsáid | 918 | 0 | 14 | 0 | 275 | 31 |
| J - Idirghabháil airgeadais | 14 | 0 | 1 | 0 | 4 | 29 |
| K - Eastát réadach, ligean ar cíos, gnó | 435 | 0 | 18 | 0 | 88 | 25 |
| L - Riarachán poiblí / cosaint | 227 | 0 | 6 | 0 | 67 | 32 |
| M - Oideachas | 57 | 0 | 5 | 0 | 26 | 54 |
| N - Sláinte / obair shóisialta | 148 | 2 | 6 | 0 | 88 | 65 |
| O - Seirbhísí pobail, sóisialta agus pearsanta eile | 186 | 0 | 5 | 0 | 58 | 33 |
| **Iomlán** | **13549** | **493** | **458** | **10** | **4770** | **42** |

* Is cion é gan déanamh de réir iarratais, ordaithe nó treorach cigire

# Bainistíocht Sábháilteachta agus Sláinte

Tugann cigirí an Údaráis tús áite do bhainistíocht sláinte agus sábháilteachta le linn na n-imscrúduithe. De ghnáth is amhlaidh a iarrann cigirí an ráiteas sábháilteachta a fheiceáil, agus a dhéantar measúnú tapa, de réir tuairim an chigire, cé acu an bhfuil an ráiteas bunaithe ar mheasúnú priacail scríofa, an bhfuil guaiseacha agus bearta sábháilteachta sonraithe ann, maille leis na daoine atá freagrach, na hacmhainní, agus an comhoibriú atá ag teastáil.

**Nóta 1:** Dírítear cuid mhaith d'imscrúduithe an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic toisc teist neamhshásúil a bheith orthu i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearáin a fuarthas fúthu. Seans nach fíor na táblaí seo i gcás eagraíochtaí eile.

* Faoi na Rialacháin Tógála is amhlaidh a chaithfidh eagraíochtaí nó láithreacha oibre ina bhfuil níos mó ná 20 duine fostaithe ionadaí sábháilteachta a ainmniú

**Tábla A1.4 Géilliúlacht (%) don ráiteas sábháilteachta agus na riachtanais maidir le comhairliúchán agus le hionadaíocht**

| EARNÁIL EACNAMAÍOCH | % FOSTÓIRÍ A RAIBH RÁITEAS SÁBHÁILTEACHTA ACU | % FOSTÓIRÍ A RAIBH COMHAIRLIÚCHÁN SÁBHÁILTEACHTA BUNAITHE ACU | % FOSTÓIRÍ A RAIBH IONADAÍ SÁBHÁILTEACHTA AINMNITHE ACU |
|---|---|---|---|
| A- Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht | 31.2 | 31.7 | 2.2 |
| B – Iascach | 33.3 | 33.3 | - |
| C – Mianadóireacht agus cairéalú | 83.4 | 69.3 | 28.7 |
| D - Déantúsaíocht | 79.8 | 86.6 | 35.5 |
| E- Leictreachas / gás / uisce | 75.8 | 98.1 | 60.0 |
| F - Tógáil | 82.7 | 69.3 | 28.6* |
| G- Mórdhíol / miondíol; deisiú mótarfheithiclí, earraí pearsanta agus tís | 58.2 | 80.3 | 15.5 |
| H - Óstáin / bialanna | 73.9 | 75.8 | 14.3 |
| I- Iompar, stóráil, cumarsáid | 40.4 | 89.1 | 17.5 |
| J - Idirghabháil airgeadais | - | - | - |
| K- Eastát réadach, ligean ar cíos, gnó | 53.3 | 66.9 | 12.0 |
| L- Riarachán poiblí / cosaint | 92.4 | 94.8 | 73.0 |
| M - Oideachas | 98.1 | 92.5 | 46.5 |
| N - Sláinte / obair shóisialta | 89.1 | 93.8 | 45.8 |
| O- Seirbhísí pobail, sóisialta agus pearsanta eile | 74.1 | 75.3 | - |
| **Iomlán** | **71.9** | **71.5** | |

Bhí Ráiteas Sábháilteachta réitithe ag 72 % de na fostóirí a rinneadh imscrúdú orthu (i gcomparáid le 67% i 2004). Bhí rátaí arda géilliúlachta maidir leis an Ráiteas Sábháilteachta i go leor earnálacha - níor lú é ná 50% ach san earnáil Iompair agus Stórála, an earnáil Talmhaíochta agus an earnáil Iascaigh. Comhlíonadh na riachtanais maidir le comhairliúchán sábháilteachta ar bhealach an-sásúil sa chuid ba mhó de na hearnálacha (ráta 72% ar an meán) – ba iad na hearnálacha Talmhaíochta agus Iascaigh ba mheasa.

Cé go gcomhlíontar an riachtanas maidir le hullmhú Ráitis Sábháilteachta go sásúil, caithfear caighdeán na cáipéise a chur san áireamh freisin. Déanann Figiúirí A1.5 agus A1.6 comparáid idir caighdeán na Ráiteas Sábháilteachta i 2004 agus 2005. Léiríonn Figiúr A1.5 nach raibh ach 58% de Ráitis Sábháilteachta géilliúil ná géilliúil go ginearálta i gcomparáid le 65% i 2004. Ach tháinig laghdú ar chéatadán na ráiteas a bhí géilliúil do na riachtanais ar bhealach teoranta ó 7% i 2004 go dtí 4% in 2005.

**Figiúr A1.5 Caighdeán an ráitis sábháilteachta:**

**Tá a leithéid ann agus é bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach priacail**

GÉILLIÚLACHT IOMLÁN

GÉILLIÚLACHT GHINEARÁLTA

ROINNT GÉILLIÚLACHTA

GÉILLIÚLACHT THEORANTA

LEIBHÉAL NA GÉILLIÚLACHTA

**Nóta 1:** Dírítear cuid mhaith d'imscrúduithe an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic toisc feidhmíocht neamhshásúil a bheith acu i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearáin a fuarthas fúthu. Seans nach fíor na táblaí seo i gcás eagraíochtaí eile.

* Faoi na Rialacháin Tógála is amhlaidh a chaithfidh eagraíochtaí nó láithreacha oibre ina bhfuil níos mó ná 20 duine fostaithe ionadaí sábháilteachta a ainmniú

**Figiúr A1.5 Caighdeán an ráitis sábháilteachta:**

**Tá na bearta riachtanacha d'fheidhmiú an ráitis sábháilteachta in áit**

GÉILLIÚLACHT IOMLÁN

GÉILLIÚLACHT GHINEARÁLTA

ROINNT GÉILLIÚLACHTA

GÉILLIÚLACHT THEORANTA

LEIBHÉAL NA GÉILLIÚLACHTA

**Nóta 1:** Dírítear cuid mhaith d'imscrúduithe an Údaráis ar earnálacha agus eagraíochtaí ar leith, go minic toisc feidhmíocht neamhshásúil a bheith acu i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta nó de bharr gearáin a fuarthas fúthu. Seans nach fíor na táblaí seo i gcás eagraíochtaí eile.

Tá laghdú tagtha ar chéatadán na bhfostóirí a bhfuil na beartais riachtanacha d'fhonn an ráiteas sábháilteachta a fheidhmiú curtha in áit acu – bhí géilliúlacht iomlán nó ginearálta i gceist i 52% de chásanna i gcomparáid le 61% i 2004. Ach, ag an am céanna, tá laghdú tar éis teacht freisin ar ghéilliúlacht theoranta (4% i 2005 anuas ó 7% i 2004).

# AGUISÍN B

## Reachtaíocht agus Gníomhaíocht Treorach i 2005

Cuimsíodh roinnt forálacha ó na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta), 1993 (arna leasú) san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus d'fhonn dúbláil nó forluiteacht a sheachaint, cuireadh na forálacha sin ar ceal ó 31 Lúnasa 2005, faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta) (Leasú) (Cúlghairm), 2005 (Uimhir I.R. 392 de 2005).

Beidh forálacha eile na Rialachán (Feidhmiú Ginearálta) 1993 i bhfeidhm go dtí go cuirfear ar ceal iad agus go gcuirfear Rialacháin nua um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta) ina n-áit.

Faoi mhír 4(1) d'Acht 2005 is ea a cheadaítear forálacha áirithe den Acht um Eagrú Ama Oibre 1997 a aisghairim, ar forálacha iad atá fágtha gan feidhm ag forálacha Acht 2005.

Faoi réir eisiúint Orduithe Tosach Feidhme faoi Mhír 1(2) d'Acht 2005, déanann Mír 4(2) den Acht na hachtacháin a leanas a chur ar ceal -

- Boiler Explosions Act 1882
- Boiler Explosions Act 1890
- An tAcht um Mianaigh agus Cairéil 1965
- Achtanna um Shubstaintí Contúirteacha 1972 agus 1979
- Achtanna um Shábháilteacht i dTionscal 1955 agus 1980
- Achtanna Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa (Suiteálacha Amach ón gCósta) 1987 agus 1995
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989

Gníomhachtaíodh aisghairm an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 ó 1 Meán Fómhair faoin Ordú um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tosach Feidhme) 2005 (Uimhir I.R. 328 de 2005).

Tá sé beartaithe aisghairm na reachtanna eile thuas a gníomhachtadh thar thréimhse ama trí Ordú nó Orduithe Tosach Feidhme arna eisiúint faoi Mhír 1(2) dAcht 2005, de réir mar a bhíonn siad á n-athbhreithniú agus á gcuíchóiriú agus, i gcásanna áirithe, de réir mar a bhíonn Rialacháin agus Cóid Chleachtais faoi Acht 2005 á gcur ina n-áit.

**Moltaí maidir le Rialacháin Nua um Fheidhmiú Ginearálta agus Treoirlínte Gaolmhara**

Bhunaigh an tÚdarás próiseas comhairliúcháin phoiblí i rith na bliana, faoi mar a cheadaítear faoi Mhír 57 d'Acht 2005, i dtaca le moltaí do Rialacháin Nua um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta). Críochnófar an obair seo agus cuirfear faoi bhráid an Aire í i 2006. Cuireadh dréacht-Treoirlínte gaolmhara ar fáil don phobal ag an am céanna.

I measc aidhmeanna eile, ceapadh na Rialacháin Nua um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta) d'fhonn na forálacha sin sna Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta), 1993 (Uimhir I.R. 44 de 2003), arna leasú, nach raibh cuimsithe cheana féin san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus nach raibh curtha ar ceal faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta) (Aisghairm), 2005 (Uimhir I.R. 392 de 2005) a aisghairm agus a athchur.

Ceapadh iad freisin d'fhonn seacht bhfoireann (iomlána) eile de Rialacháin, Ordú amháin agus forálacha faoi leith eile de thrí chinn d'fhoirne eile de Rialacháin a aisghairm agus a athchur

Ceapadh na Rialacháin atá molta d'fhonn na Treoracha AE seo a leanas a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas saothair a thrasuíomh sa dlí (11), nó a thrasuí sa dlí den chéad uair (2) –

(i) Treoir 89/654/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir le híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte sa láthair oibre,

(ii), (iii) & (iv) Treoir 89/655/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir le híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte i dtaca le húsáid trealaimh oibre ag oibrithe san obair, arna leasú ag Treoir 95/63/CE ón gComhairle an 5 Nollaig 1995, ag leasú Treorach 89/655/CEE agus ag Treoir 2001/45/CE [trasuíomh den chéad uair] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 ag leasú Treorach 89/655/CEE,

(v) Treoir 89/656/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir le híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta i dtaca le húsáid trealaimh chosanta pearsanta ag oibrithe,

(vi) Treoir 90/269/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir le híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta i dtaca le láimhsiú ualaí i gcásanna ina mbíonn priacal gortaithe go speisialta gortú droma i gceist d'oibrithe,

(vii) Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine 1990 maidir le híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta i dtaca le hobair le trealamh scáileáin taispeána,

(viii) Treoir 92/58/CEE ón gComhairle an 24 Meitheamh 1992 maidir le híoscheanglais i dtaca le soláthar fógraí sábháilteachta agus/nó sláinte san obair,

(ix) na forálacha um shábháilteacht agus sláinte saothair i dTreoir 92/85/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair, 1992 maidir le bearta a thabhairt isteach a spreagfadh feabhsuithe i sábháilteacht agus sláinte saothair doibrithe atá ag iompar clainne nó ar saolaíodh páistí dóibh le déanaí nó atá i mbun bheathú cíche,

(x) i dtaca le hoibrthe oíche agus sealoibrithe, forálacha um shábháilteacht agus sláinte Airteagail 9 i dTreoir 93/104/CE ón gComhairle an 23 Samhain 1993 maidir le gnéithe áirithe d'eagrú an ama oibre,

(xi) gnéithe sláinte agus sábháilteachta Treorach 94/33/CE ón gComhairle an 22 Meitheamh 1994 maidir le cosaint daoine óga san obair,

(xii) Treoir 1999/92/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1999 maidir le híoscheanglais i dtaca le cosaint sábháilteachta agus sláinte d'oibrithe a d'fhéadfadh bheith i mbaol in atmaisféir inphléasctha,

(xiii) Treoir 2002/44/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis na híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta i dtaca le leibhéal nochtadh oibrithe do phriacal de bharr oibreáin fhisiciúla (creathadh) [trasuíomh den chéad uair].

Déanfaidh na Rialacháin atá á moladh athbhreithniú agus nuashonrú ar na ceanglais dlíthiúla a bhí ann maidir le húsáid shábháilte leictreachais sa láthair oibre, soláthar áiseanna garchabhrach ag an obair agus na nósanna imeartha a bhaineann le timpistí agus eachtraí contúirteacha ar leith a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta

# Treoracha an AE

Tá Treoir 2001/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ag leasú Treorach 89/655/CEE maidir le húsáid trealaimh oibre (airde – scafall ) á trasuíomh sna rialacháin nua atá molta maidir le Sábháilteacht,

Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta). Críochnaíodh próiseas comhairliúcháin na rialachán seo i 2005.

Dréacht-rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Príomhghuaiseacha Timpiste Lena mBaineann Substaintí Contúirteacha) arna socrú ag Abhcóide na Parlaiminte i mí Nollag 2005 le haghaidh a sínithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i mí Eanáir 2006.

Dréacht-rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rangú, Pacáistiú, Lipéadú agus Fógairt Substaintí Contúirteacha) (Leasú) arna socrú ag Abhcóidí na Parlaiminte i mí Nollag 2005 le haghaidh a sínithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i mí Eanáir 2006.

Tá Treoir 2002/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis na híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta i dtaca le leibhéal nochtadh oibrithe do phriacal ó oibreáin fhisiciúla (creathadh) á trasuíomh sna rialacháin nua thuasluaite atá molta maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta). Críochnaíodh próiseas comhairliúcháin um na rialachán seo i 2005.

Forbraíodh moltaí do dhréacht-Rialacháin trasuímh le linn 2005 do Threoir 2003/10/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Feabhra 2003 maidir leis na híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta i dtaca le leibhéal nochtadh oibrithe do phriacal ó oibreáin fhisiciúla (torann). Beidh sé seo á eisiúint le haghaidh comhairliúcháin phoiblí sa chéad cheathrú de 2006.

Beidh moltaí do dhréacht-Rialacháin trasuímh, a forbraíodh le linn 2005 do Threoir 2003/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Márta 2003 ag leasú Treorach 83/477/CEE maidir le cosaint oibrithe ó na priacail a bhaineann le leibhéal nochta d'aispeist san obair, á eisiúint le haghaidh comhairliúcháin phoiblí sa chéad cheathrú de 2006

Forbraíodh moltaí do dhréacht-Rialacháin trasuímh le linn 2005 do Threoir 2004/111/CE ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2004 ag oiriúnú Treorach 94/55/CE maidir le comhfhogasú dlíthe na mBallstát i dtaca le hiompar earraí cortúirteacha ar bhóithre do dhul chun chinn teicniúil don chúigiú huair agus do Threoir 2004/112/CE ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2004 ag oiriúnú Treorach 95/50/CE maidir le nósanna imeachta aontaithe i dtaca le seiceálacha ar iompar substaintí contúirteacha ar bhóithre faoi Eagrán 2005 den "ADR International Agreement on the Transport of Dangerous Goods by Road" do dhul chun cinn teicniúil. Beidh an saothar seo á thabhairt chun críche i 2006

# Forálacha Eile a Bhaineann leis an AE

Moltaí do dhréacht-Rialacháin Fhorfeidhmithe a forbraíodh le linn 2005, le bheith tugtha chun críche i 2006 do Rialachán (CE) Uimhir 304/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le honnmhairiú agus allmhairiú ceimiceán contúirteach, arna leasú ag Rialachán an Choimisiúin (CE) Uimhir 775/2004.

- Críochnófar dréacht-tuarascálacha a forbraíodh le linn 2005 ar fheidhmiú praiticiúil i 2006.

# Reachtaíocht Intíre

Bhunaigh an tÚdarás próiseas comhairliúcháin phoiblí i rith na bliana, faoi mar a cheadaítear faoi Mhír 57 d'Acht 2005, i dtaca le moltaí do Rialacháin Nua um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil). Críochnófar an obair seo agus cuirfear faoi bhráid an Aire í i 2006. Cuireadh dréacht-Treoirlínte gaolmhara ar fáil don phobal ag an am céanna.

Bhunaigh an tÚdarás próiseas comhairliúcháin phoiblí i rith na bliana, faoi mar a cheadaítear faoi Mhír 57 d'Acht 2005, i dtaca le moltaí do Rialacháin Nua um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil). Críochnófar an obair seo agus cuirfear faoi bhráid an Aire í i 2006. Cuireadh dréacht-Treoirlínte gaolmhara ar fáil don phobal ag an am céanna.

Críochnófar na moltaí do dhréacht-Rialacháin agus Cód Cleachtais, a forbraíodh le linn 2005 maidir le Sláinte agus Leas ag an Obair (Tumadóireacht) (agus an Dréachtchód Cleachtais chuí) i 2006.

Rinneadh obair ullmhúcháin i 2005 d'fhonn na dréacht-Rialacháin Shábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag an Obair (Mianaigh) a chur chun cinn i 2006 mar aon leis na hAisghairmeacha agus an tOrdú Cúlghairme cuí.

# Ábhar Treorach

**CÓID CHLEACHTAIS agus TREOIRLÍNTE – 2005**

D'ullmhaigh an tÚdarás "Guide to the Safety, Health and Welfare at Work Act 2005" agus "Short Guide to the Safety, Health and Welfare at Work Act 2005" agus foilsíodh iad nuair a feidhmíodh Acht 2005 an 1 Meán Fómhair 2005.

Chomh maith leis sin, ullmhaíodh na treoirlínte gaolmhara a leanas le linn na bliana agus beidh siad á bhfoilsiú i 2006:

- Guidelines on Risk Assessments and Safety Statements,
- Guidelines on Workplace Safety and Health Management,
- Guidelines on Safety Consutation and Safety Representatives.

Eisíodh dréacht-treoirlínte ("Guidelines on the Design and Management of Construction Projects") le haghaidh comhairliúcháin phoiblí i 2005 mar aon leis na moltaí do Rialacháin nua maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil)

- Draft Guidelines on Protecting the Public from Construction Projects
- Draft Guidelines on Precast Structures
- Draft Guidelines for Best Practice for Clients in Construction

Beidh siad seo á gcríochnú i 2006 tar éis achtú na Rialachán. Eisíodh "Draft Guidelines on Carcinogens Regulations" i 2005

**Dréacht-Treoirlínte**

Déanfar Treoracha ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Rialacháin maidir le hObair in Airde) agus Creathadh a thrasuíomh sna Rialacháin nua Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta). Eisíodh dréacht-treoirlínte le haghaidh comhairliúcháin phoiblí i 2005 mar aon leis na moltaí do na Rialacháin sin. Beidh siad seo á gcríochnú i 2006 tar éis achtú na Rialachán.

Críochnófar na treoirlínte seo a leanas i 2006 tar éis achtú na Rialachán iomchuí.

- Draft Guidelines on new Noise Regulations
- Draft Guidelines on new Noise Regulations
- Draft Guidelines on new SEVESO Major Accident Hazard Regulations
- Draft Guidelines on new Noise Regulations

# Torthaí na nIonchúiseamh do 2005

Éisteadh 22 cás go hachomair i 2005, agus éisteadh 18 cás breise ar díotáil. Tugtar cur síos gearr ar thorthaí na n-ionchúiseamh thíos.

Tá mionsonraí cuí na gcásanna a luaitear sna leathanaigh a leanas ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta: www.hsa.ie

**Achoimre ar Imeachtaí agus Fíneálacha i 2005.**

| CINEÁL IMEACHTAÍ E | IOMLÁN A ÉISTEADH | % NA gCÁSANNA A ÉISTEADH GO hACHOMAIR AGUS AR DÍOTÁIL | FÓGRAÍ DÍFHOSTAITHE | % CIONTUITHE | AN tACHT PROMHAIDH CURTHA I bhFEIDHM | FÍNEÁLACHA € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Achomair | 22 | 55% | 5 | 77% | 1 | 31,588 |
| Díotáil | 18 | 45% | 1 | 94% | 0 | 431,750 |
| **Iomlán** | **40** | **100%** | **6** | **85%** | **1** | **463,338** |

# Torthaí na nIonchúiseamh do 2005

| Ainm | Dlínse | Mionsonraí |
|---|---|---|
| **AC Powerlines Ltd.** | Go hachomair | Fuarthas ciontach AC Powerlines Ltd., 2 Ferns Grove, Na Creagacha Dubha, Co. Lú, i gCúirt Dúiche An Daingin an 27 Bealtaine agus gearradh fíneáil €1,750 ar an gcuideachta. |
| **Almac Builders Ltd.** | Go hachomair | Phléadáil Almac Builders Ltd, Ardinagh Lane, Baile Uí Mhitigh, Co. Loch Garman, ciontach i gCúirt Dúiche Inis Córthaidh an 22 Samhain 2005 agus gearradh fíneáil €3,000 ar an gcuideachta. |
| **Aventis Pharma (Waterford) Ltd.** | Ar díotáil | Phléadáil Aventis Pharma Ltd, Unit 19/21 Waterford Industrial Estate, Port Láirge, ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda Phort Láirge an 22 Iúil 2005 agus gearradh fíneáil €6,000 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Bennett Construction Ltd.** | Ar díotáil | Phléadáil Bennett Construction Ltd, Bealach Bhaile an Mhuilinn, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí, ciontach i gCúirt Chuarda an Náis agus gearradh fíneáil €10,000 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Bonner Engineering Ltd.** | Ar díotáil | Fuarthas ciontach Bonner Engineering Ltd. i gCúirt Choiriúil Chuarda Leitir Ceanainn an 29 Aibreán 2005 agus gearradh fíneáil €2,000 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Carl Moore and Sons Ltd.** | Ar díotáil | Phléadáil Carl Moore and Sons Ltd., ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda Leitir Ceanainn an 29 Aibreán 2005 agus gearradh fíneáil €2,000 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Ceiling and Allied Services Ltd.** | Go hachomair | Phléadáil Ceiling and Allied Services Ltd., Cill an Aba, Bóthar Mhala, Corcaigh, ciontach i gCúirt Dúiche Lios Tuathail an 18 Aibreán 2005 agus cuireadh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm. |
| **Conclan Ltd.** | Go hachomair | Fuarthas Conclan Ltd., Drongán, Durlas, Co. Tiobraid Árann, ciontach i gCúirt Dúiche Chluain Meala an 29 Samhain 2005 agus gearradh fíneáil €2,000 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Cork Retread Tyre Manufacturing Ltd.** | Ar díotáil | Phléadáil Cork Retread Tyre Manufacturing Ltd. ciontach, le seoladh trádála ag Centre Park Road, Corcaigh, i gCúirt Choiriúil Chuarda Chorcaí an 24 Feabhra 2005 agus gearradh fíneáil €1,750 san iomlán ar an gcuideachta. |

| | | |
|---|---|---|
| **CountryClean Recycling Ltd.** | Ar díotáil | Phléadáil Country Clean Recycling Ltd., Ballywalters, An Seanbhaile Mór, Co. Chorcaí, ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda Chorcaí an 22 Feabhra 2005 agus gearradh fíneáil €2,000 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Denis Moriarity, The Kerries Ltd.** | Go hachomair | Phléadáil Denis Moriarity, The Kerries Ltd., Basin View, Trá Lí, Co. Chiarraí, ciontach i gCúirt Dúiche Thrá Lí an 13 Aibreán 2005 agus gearradh fíneáil €950 ar an gcuideachta. |
| **Four Con Homes Ltd.** | Go hachomair | Phléadáil Four Con Homes Ltd., 13 Laureston Court, Tower, Co. Chorcaí, ciontach i gCúirt Dúiche Bhaile Mhistéala an 25 Samhain 2005 agus gearradh fíneáil €1,904 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Fruit of the Loom International Ltd.** | Go hachomair | Phléadáil Fruit of the Loom International Ltd., Ballymacarry, Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall, i gCúirt Dúiche Bhun Cranncha an 10 Márta 2005 agus gearradh fíneáil €500 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Gerard F May Roofing Ltd.** | Ar díotáil | Phléadáil Gerard F May Roofing Ltd., Waterway House, Crag Crescent, Clondalkin Industrial Estate, Cluain Dolcáin, ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath an 18 Deireadh Fómhair 2005 agus gearradh fíneáil €100,000 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Gleasures Roofing Ltd.** | Go hachomair | Phléadáil Gleasures Roofing Ltd., Strand St, Trá Lí, Co. Chiarraí, ciontach i gCúirt Dúiche Chathair Saidhbhín an 21 Aibreán 2005 agus gearradh fíneáil €1,500 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Harvest Spectrum Property** | Go hachomair | Phléadáil Harvest Spectrum Property Company le seoladh trádála: Mulrines of Donegal Road, Bealach Féich, Co. Dhún na nGall, ciontach i gCúirt Dúiche Leitir Ceanainn an 13 Bealtaine 2005 agus gearradh fíneáil €1,700 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Inishowen Engineering Manufacturing Ltd.** | Go hachomair | Phléadáil Engineering Manufacturing Ltd., Shandrum, Dumfries, Co. Dhún na nGall, ciontach i gCúirt Dúiche Bhun Cranncha an 10 Márta agus gearradh fíneáil €400 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **John Whelan Ltd.** | Ar díotáil | Phléadáil John Whelan Ltd., Unit 5, Steamboat Quay, Dock Road, Luimneach, ciontach i gCúirt Dúiche Luimnigh an 1 Nollaig 2005 agus gearradh fíneáil €5,000 san iomlán ar an gcuideachta. |

| | | |
|---|---|---|
| **Jonathan Evans** | Ar díotáil | Phléadáil Jonathan Evans, Unit 23, Ballincollig Commercial Park, Link Road, Baile an Chollaigh, Co. Corcaí, ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda Chorcaí an 1 Feabhra 2005 agus gearradh fíneáil €2,000 san iomlán air. |
| **Kerry Group Services Ltd.** | Go hachomair | Phléadáil Kerry Group Services Ltd., Bóthar Thrá Lí, Lios Tuathail, Co. Chiarraí, ciontach i gCúirt Dúiche Lios Tuathail an 18 Aibreán 2005 agus gearradh fíneáil €250 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **LKC Groundworks & Civil Engineering Ltd.** | Ar díotáil | Phléadáil LKC Groundworks & Civil Engineering Ltd, Killenlea, Cill Droichid, Co. Chill Dara, ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath an 8 Meitheamh 2005 agus gearradh fíneáil €10,000 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Loftus Civil Engineering Ltd.** | Go hachomair | Fuarthas Loftus Civil Engineering Ltd., Kilbarry House, Dublin Hill, Co. Chorcaí, ciontach an 29 Deireadh Fómhair agus gearradh fíneáil €3,200 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **McCaul Murphy Waste Services Ltd.** | Ar díotáil | Phléadáil McCaul Murphy Waste Services Ltd., Sandy Hill, Teampall Mhaighréide, Co. Bhaile Átha Cliath, ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath an 12 Eanáir 2005 agus gearradh fíneáil €20,000 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **National By Products** | Ar díotáil | Phléadáil National By Products, Castleblake, Rosegreen, Caiseal, Co. Thiobraid Árann, ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda Cluain Meala an 22 Feabhra 2005 agus gearradh fíneáil €10,000 ar an gcuideachta. |
| **N Murphy Waste Disposal Ltd.** | Ar díotáil | Phléadáil N Murphy Waste Disposal Ltd., Sandy Hill, Teampall Mhaighréide, Co. Bhaile Átha Cliath, ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath an 12 Eanáir 2005 agus gearradh fíneáil €60,000 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Padraic Thornton Waste Disposal Ltd.** | Go hachomair | Phléadáil Padraic Thornton Waste Disposal Ltd., Bóthar Uí Chillín, Baile Formaid, Baile Átha Cliath 10, ciontach i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath an 10 Deireadh Fómhair 2005 agus gearradh fíneáil €3,904 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Patrick O'Connell PJ Carey (Contractors) Ltd.** | Go hachomair | Phléadáil Patrick O'Connell, Pike Street, Cill Náile, Co. Thiobraid Árann, ciontach i gCúirt Dúiche Chill Náile an 13 Eanáir 2005 agus gearradh fíneáil €1,500 san |

| | | |
|---|---|---|
| | Ar díotáil | iomlán ar an gcuideachta.<br>Phléadáil PJ Carey (Contractors) Limited, Complas House, Naas Industrial Estate, An Nás, Co. Chill Dara, ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath an 22 Bealtaine 2005 agus gearradh fíneáil €40,000 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Portlaoise Springs Ltd.** | Go hachomair | Phléadáil Portlaoise Springs Ltd., Clonminim Industrial Estate, Port Laoise, Co. Laoise, ciontach i gCúirt Dúiche Phort Laoise an 12 Bealtaine 2005 agus gearradh fíneáil €4,000 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Qualpack Ltd.** | Go hachomair | Phléadáil Qualpack Ltd., Ballysimon, Co. Luimnigh, ciontach i gCúirt Dúiche Luimnigh an 16 Bealtaine 2005 agus gearradh fíneáil €4,500 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Robert Fitzgerald s/t Robert Fitzgerald Commercials** | Ar díotáil | Phléadáil Robert Fitzgerald, Aghada, Mainistir na Corann, Co. Chorcaí, ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda Chorcaí an 4 Bealtaine 2005 agus gearradh fíneáil €25,000 san iomlán air. |
| **South Midland Construction** | Ar díotáil | Phléadáil South Midland Construction ciontach i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath an 11 Bealtaine 2005 agus gearradh fíneáil €100,000 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **Tara Mines Ltd.** | Ar díotáil | Phléadáil Tara Mines Ltd., Knockumber, An Uaimh, Co. na Mí, ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Troim an 1 Feabhra 2005 agus gearradh fíneáil €30,000 san iomlán ar an gcuideachta.<br>Phléadáil Tara Mines Ltd., Knockumber, An Uaimh, Co. na Mí, ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Troim an 1 Feabhra 2005 agus gearradh fíneáil €30,000 san iomlán ar an gcuideachta. |
| **T J Heffernan** | Go hachomair | Phléadáil T J Heffernan, Dún Droma, Co. Thiobraid Árann, ciontach i gCúirt Dúiche Dhurlais an 26 Aibreán 2005 agus gearradh fíneáil €500 san iomlán air. |
| **Whelan's Limestone Quarries Ltd.** | Ar díotáil | Phléadáil Whelan's Limestone Quarries Ltd., Tobar Mháille, Inis, Co. an Chláir, ciontach i gCúirt Dúiche Ros Comáin an 15 Samhain 2005 agus gearradh fíneáil €6,000 san iomlán ar an gcuideachta. |

# AGUISÍN C

## Coistí Comhairleacha agus Grúpaí Oibre

Tá roinnt coistí comhairleacha reachtúla ag an Údarás. Is iad seo a leanas iad:

**Coiste Comhairleach na Tógála**

- Ba iad seo a leanas na príomhcheisteanna ar thug an coiste fúthu i 2005:
- Dréacht-Rialacháin Tógála Nua.
- Dréacht-Treoirlínte do na Rialacháin Tógála.
- Dréachtchód Cleachtais do Dhearadh agus Tógáil Struchtúr Ualachiompartha Réamhtheilgthe.
- Dréachtchód Cleachtais do Dhíonadóireacht.

**Ba iad seo a leanas baill an Choiste Chomhairligh Thógála i 2005:**

| | |
|---|---|
| Sylvester Cronin, uasal | Cathaoirleach, Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta |
| Dermot Carey, uasal | CIF |
| Denis Farrell, uasal | BATU |
| John Graby, uasal | RIAI |
| John Ryan, uasal | CIF |
| Kevin Enright, uasal | IBEC |
| Kevin Geraghty, uasal | ICF |
| Martin Vaughan, uasal | An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil |
| Michael Moriarity, uasal | ACEI |
| Nevin Mulrooney, uasal | SCS |
| Nicholas O'Loughlin, uasal | An Roinn Airgeadais |
| Paddy Coughlan, uasal | SIPTU |
| Phil Murray, uasal | DIT |
| Robert Byrne, uasal | FÁS |
| Tony Pearson, uasal | FÁS |
| Tom Gorman, uasal | IEI |
| Robert Roe, uasal | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Padraig Delaney, uasal | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Liz Robinson, uasal | Rúnaí (An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta) |

**An Coiste Comhairleach Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Feirme:**

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste i rith 2005. Lean an coiste dá shaothar comhpháirtíochta d'fhonn an Plean Gnímh um Shábháilteacht Feirme a fheidhmiú, le béim speisialta ar oideachas, innealtóireacht agus forfheidhmiú. Chríochnaigh an fochoiste innealtóireachta a thuarascáil agus cuireadh moltaí faoi bhráid Fheidhmeannas an Údaráis. Críochnaíodh DVD ar shábháilteacht feirme. Tosaíodh ag obair ar Chód Cleachtais agus ar Phlean do Chóras Oibre Sábháilte (SSWP) a fhorbairt don Talmhaíocht. Cuireadh tús le taighde ar iompar ainmhithe.

**Ba iad seo a leanas baill an Choiste Chomhairligh Thógála i 2005:**

| | |
|---|---|
| Frank Laffey, uasal | Cathaoirleach |
| Conor Creedon, uasal | ICMSA |
| Jim Dockery, uasal | Líonra FRS |
| Pat Griffin, uasal | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Pat Kearney, uasal | Ball Boird, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Mary McGreal, uasal | IFA |
| John McNamara, uasal | Teagasc |
| Oliver McEvoy, uasal | An Roinn Talmhaíochta agus Bia |
| Michael O'Donoghue, uasal | An Roinn Talmhaíochta agus Bia |
| Anthony Morahan, uasal | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Michael Moroney, uasal | FTMTA |
| Tom Murphy, uasal | Cumann Conraitheoirí Talmhaíochta Proifisiúnta na hÉireann (PAC Éireann) |
| Ciarán Roche, uasal | FBD Insurance |
| Karl Skehan, uasal | Macra Na Feirme |
| Maura Kavanagh, uasal | Rúnaí (An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta) |

**Coiste Comhairleach Substaintí Contúirteacha:**

Le linn 2005 ab ea a chabhraigh an Coiste Comhairleach le motaí a fhorbairt do Rialacháin i dtaca le rialáil príomhghuaiseacha timpiste lena mbaineann substaintí contúirteacha; rialáil torainn agus creathadh san obair; treoircháipéisí; soláthróirí cúrsaí do thiománaithe ADR, carcanaiginí. Scrúdaigh an coiste raon ceisteanna eile sa réimse seo freisin; Nótaí eolais faoi thimpistí tábhachtacha, impleachtaí comhshaoil agus gnéithe a bhaineann le pleanáil talamh-úsáide agus cosaint chomhshaoil do bhulcstórais pheitriliam i dtaca le forálacha pleanáil talamh-úsáide, feachtas seachtaine an AE i gcoinne torainn, Stráitéis Cheimiceach/REACH an AE agus an Córas Domhanda Comhchuibhithe (GHS).

**Ba iad seo a leanas baill an Choiste Comhairligh um Shubstaintí Contúirteacha i 2005:**

| | |
|---|---|
| Fergus Whelan, uasal | Cathaoirleach, Ball Boird, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Danny Kelly, uasal | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) |
| Mary O' Rourke, uasal | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) |
| An Dr. Nuala Bannon | An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil |
| Eamon Corcoran, uasal | An Roinn Sláinte agus Leanaí |
| Dave Garland, uasal | An Roinn Iompair |
| Marie O'Connor, uasal | EPA |
| Marian Byron, uasal | IBEC |
| Pat Gallagher, uasal | ICMA |
| Frank Barry, uasal | ICTU |
| Sean McCourt, uasal | ILPGA |
| Seamus Flynn, uasal | IPIA |
| Sean Flynn | Cónaidhm Déantóirí Cógaisíochta agus Ceimiceán na hÉireann |
| Sean Dennehy, uasal | IRHA |
| An Dr. Frank Van Pelt | IST |
| Niamh Hunt, uasal | NISO |
| An Dr. Joe Kearney | Cumann Sláinteachas Oibre na hÉireann |
| Gordon Rennick, uasal | An tSeirbhís um Shrianadh Lotnaidicídí |
| Eddie Mullins, uasal | ICTU |
| Ingrid Hook, uasal | Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann |
| Justin Tallon, uasal | NSAI |
| An Dr. PJ Claffey | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Robert Roe, uasal | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Roisin McEneany, uasal | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Margaret Feehan, uasal | Rúnaí (An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta) |

**Coiste Comhairleach Réigiún an Deiscirt:**

Tháinig an coiste le chéile ceithre huaire le linn 2005. Tacaíodh, dearadh agus eisíodh leabhrán faoi Shláinte agus Sábháilteacht le haghaidh leanaí bunscoile. D'eagraigh an Foghrúpa um Chur Chun Chinn Sláinte Lá Feasachta i nDeireadh Fómhair 2005.

Ag eascairt as feachtas a ritheadh sa chéad cheathrú de 2005 chun líon na dtimpistí marfacha sa cheantar a ísliú, thacaigh baill an Choiste le raon céimeanna coisctheach trína n-eagraíochtaí. Leanadh de na tograí seo i rith na bliana. Ba iad seo a leanas baill an choiste i 2005: Sylvester Cronin, uasal Cathaoirleach, Ball den Bhord, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

| | |
|---|---|
| Enda McWeeney, uasal | FÁS |
| Anne Keohane, uasal | IFA |
| David Neal, uasal | IFO |
| Mary Keane, uasal | NISO |
| Eddie Ronayne, uasal | Comhairle Contae Chorcaí |
| Dan McSweeney, uasal | IBEC |
| Fabian Murphy, uasal | IOSH |
| Maurice O'Riordan, uasal | ICMSA |
| Garry Tobin, uasal | NIFAST |
| Donal Tobin, uasal | SIPTU |
| Charlie Hipwell, uasal | IBEC |
| Conor O'Connell, uasal | CIF |
| John Dromey, uasal | Comhairle Cathrach Chorcaí |
| Donal Hunt, uasal | Comhairle Contae Chiarraí |
| Ger Buckley, uasal | BSL |
| Tadhg Glavin, uasal | An Roinn Oideachais |
| Mark Rowlands, uasal | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Patricia Truscott, uasal | Rúnaí (An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta) |

**Tuarascáil Bhliantúil Choiste Comhairleach Réigiún an Iarthuaiscirt 2005**

Tháinig an coiste le chéile trí huaire le linn 2005. Thacaigh an Coiste leis na cláir "ChamberSafe" atá á reáchtáil ag na Cumainn Tráchtála i Muineachán agus Sligeach d'fhonn córas bainistíochta sábháilteachta agus sláinte a fhorbairt sna cuideachtaí a ghlacann páirt ann. Thug an coiste nua seo faoi neart tograí eile freisin, lena n-áirítear laethanta sábháilteachta feirme dírithe ar mhic léinn idirbhliana; comórtas do mhic léinn san eolaíocht talmhaíochta, agus dáileadh eolas sláinte agus sábháilteachta ag marglanna. Cabhraíodh le conraitheoirí tógála áitiúla agus foilseachán an CIF "Play Safe – Stay Safe" á chur i láthair i scoileanna i gContae Liatroma.

Buaicphointe na bliana ná rannpháirteachas an Choiste i seimineár Sláinte de chuid Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall. Glacadh páirt ann d'fhonn cabhrú le foireann an Choiste Gairmoideachais agus iad i mbun athbhreithniú ar a gcóras bainistíochta sláinte. Ag eascairt as an gcomhoibriú seo, tá Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall sásta páirt a ghlacadh ar bhonn trialach i bhforbairt córas bainistíochta do shláinte saothair do scoileanna. Ba iad seo a leanas baill Choiste Comhairleach Réigiún an Iarthuaiscirt i 2005:

| | |
|---|---|
| Christina McEleney, uasal | Cathaoirleach, Ball den Bhord, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Anthony McCormack | SIPTU |
| Art McGrath | TEAGASC |
| Emer O'Shea | IMPACT |
| David Mullarkey | Institiúid Teicneolaíochta Shligigh |
| Gerard Mawn | Coillte |
| Louis Cabena | FÁS |
| Lynn McLaughlin | IBEC (ghlac Lynn áit Chris O'Donovan i Meán Fómhair 2005) |
| Marcella Tiernan | Bantracht na Tuaithe |
| Martin Shields | NISO, Brainse an Iarthuaiscirt |
| Mary McGreal | IFA |
| Sonya Maguire | LASAG |
| Ted Breslin | Cumann Iascairí na gCealla Beaga |
| Tom Currid | CIF |
| Vincent Turley | Cumann Tráchtála Mhuineacháin |
| Michael Walsh | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Brenda Guihen | Rúnaí (An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta) |

**Coiste Comhairleach Réigiún an Oirdheiscirt:**

Tháinig Coiste Comhairleach Réigiún an Oirdheiscirt (SERAC) le chéile faoi cheithre bhabtha i 2005. Go déanach i 2005 ab ea a bhunaigh an Coiste roinnt fochoistí d'fhonn forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh réigiúnacha do 2006 i dtaca le hiascach, cairéalú, sláinte agus micreaghnónna. Chomheagraigh an Coiste seimineár réigiúnach ar thorann in gcomhpháirt le NISO agus IOSH le linn Seachtain Sábháilteachta na hEorpa i nDeireadh Fómhair 2005. Ba é an Coiste a leag síos an bunphlean do bhunú na gceardlann comhairliúcháin réigiúnach atá le reáchtáil go luath i 2006. Ba iad seo a leanas baill Choiste Comhairleach Réigiún an Oirdheiscirt i 2005: Rosie Sheerin, Cathaoirleach, Ball den Bhord, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

| | |
|---|---|
| Ray Murray | Bord Iascaigh Mhara |
| Pat O'Regan | Bord Iascaigh Mhara |
| Jacqui McNabb | Cumann Tráchtála Cheatharlach |
| Jim Whitmore | CIF |
| John Cassidy | FÁS |
| John Shortall | Cumann Ionadaíochta an Gharda Síochána |
| Rosaleen O'Keeffe | IBEC |
| Peter Creedon | Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann |
| Frank Nolan | Cumann Sábháilteachta Uisce na hÉireann |
| Lisa Russell | Comhairle Chontae Chill Chainnigh |
| Myles McPartland | Mianaigh agus Cairéil |
| Kevin Power | Ionadaí Sábháilteachta |
| Darryl McCabe | Comhairleach Sábháilteachta (Tógáil) |
| Aileen Scott | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteacht (Theas) |
| Olan Whitney | SIPTU |
| John Paul Crowe | Comhlachas na nGnólachtaí Beaga |
| Brian Sheerin | Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirdheiscirt |
| Tony Fortune | Teagasc |
| John Hogan | Teagasc |
| Bill Rafter | Bord Fiontair Chathair Phort Láirge |
| Mary O'Doherty | Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge |
| John Maher | Seirbhís Dóiteáin Chontae Loch Garman |
| Maria Melia | Seirbhís Dóiteáin Chontae Loch Garman |
| Kieran Sludds | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Maura Kavanagh | Rúnaí (An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta) |

**Coiste Comhairleach Réigiún an Iarthair:**

Tá roinnt fochoistí ag Coiste Comhairleach Réigiún an Iarthair, agus bearta iomchuí bunaithe acu ag an leibhéal áitiúil. Bhí ionadaithe de chuid 16 scoil sa réigiún páirteach i laethanta inseirbhíse a d'eagraigh an Fochoiste Oideachais. Is tionscnamh píolótach tábhachtach é seo a chuidíonn le plean náisiúnta an Údaráis i dtaca le príomhshruthú sábháilteachta agus sláinte san earnáil oideachais. Dhírigh an Fochoiste Talmhaíochta ar Dhaoine Aosta san Fheirmeoireacht agus Sláinte Páistí ar Fheirmeacha, agus chuathas i dteagmháil le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) chun aird a tharraingt ar na ceisteanna seo. Dáileadh 8,000 postaer "Act" trí Bhoird Fhiontair an Réigiúin. Phléigh an fochoiste tógala raon tionscnamh i 2005, lena n-áirítear Dialann / "pleanálaí balla" do 2007 a chuirfidh béim ar líon na dtimpistí marfacha agus Seimineár Foirgníochta dírithe ar Ghnóthais Bheaga agus Meánmhéide (SME) an réigiúin. Ba iad seo a leanas baill Choiste Comhairleach Réigiún an Iarthair sa bhliain 2005:

| | |
|---|---|
| Pat Kearney | Ball Boird, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Frank Laffey | Teagasc |
| Mary McGreal | IFA |
| Michael Flynn | IFA |
| Justin Molloy | CIF |
| Julianne Gavin | Comhairle Chontae na Gaillimhe |
| Michael Dolly | Comhairle Chontae na Gaillimhe |
| Gerry Finnerty | Marglann Beostoic An Ghoirt |
| Louise Ward | Bord Fiontair Ros Camáin |
| Tommy Kelly | FBD |
| John Joe Holleran | Kilbride Sand and Gravel |
| John Joe Conwell | Pobalscoil Phort Omna |
| Colin Burke | Leictreoir Féinfhostaithe |
| Gareth Davies | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Siobhan Hourigan | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Seamus O'Grady | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| Dermot Carey | CIF |
| Martin Cleary | BSL |
| Dick McKeever | An Roinn Mara & Acmhainní Nádúrtha |
| Paul Browne | FÁS |
| Doreen Geoghegan | Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo |
| Tish Gibbons | SIPTU |
| Caitriona Gannon | IBEC |
| Tom O'Connor | NISO |
| Alice Daly | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| Joe Kelly | Comhairle Chontae Mhaigh Eo |
| Shane McLouglin | Cumann Tráchtála agus Tionscail na Gaillimhe |
| Elaine Wakely | Cumann Tráchtála agus Tionscail na Gaillimhe |
| Veronica Helly | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Orla Cahalan | Rúnaí (An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta) |

Chomh maith leis na coistí comhairleacha, tá fochoistí bunaithe ag Bord an Údaráis. Baill de chuid an Bhoird amháin atá ar na fochoistí seo agus cabhraíonn siad le hobair an Bhoird a chur i gcrích.

**Fochoiste Reachtaíochta agus Treorach an Bhoird**

Is iad baill an Fhochoiste Reachtaíochta agus Treorach ná Peter McCabe (Cathaoirleach), Tony Briscoe, Sylvester Cronin agus Rosie Sheerin. Bhí 11 cruinniú ag an bFochoiste le linn na bliana. Ba sa tréimhse idir 30 Meitheamh agus 28 Samhain a tharla bunáite na gcruinnithe seo.

Bhain cuid shuntasach d'obair an Fhochoiste i 2005 le hachtú agus feidhmiú an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. I measc na bpríomhcheisteanna ar tugadh fúthu a bhí forbairt agus cur i gcrích na dtionscnamh seo a leanas:

i) Guide to the Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005,

i) Short Guide to the Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005,

(iii) HSA Public Consultation Policy Document,

(iv) Proposals for new Safety, Health and Wefare at Work (General Application) Regulations and associated draft Guidelines, and

(vi) Proposals for new Safety, Health and Wefare at Work (Construction) Regulations and

associated draft Guidelines.

**Fochoiste Iniúchta agus Airgeadais an Bhoird**

Is iad baill an Fhochoiste Iniúchta agus Airgeadais ná Tony Briscoe (Cathaoirleach), Louise O'Donnell agus Pat Kearney. Cinntíonn an Fochoiste go sroicheann an tÚdarás na caighdeáin ionracais is airde i dtaca le cúrsaí airgeadais agus stiúrann sé próiseas iniúchta inmheánach an Údaráis.

**Fochoiste Athbhreithnithe agus Feidhmithe Straitéisigh an Bhoird**

Is iad baill an Fhochoiste Athbhreithnithe agus Feidhmithe Straitéisigh ná Jim Lyons (Cathaoirleach), Martin Lynch, Fergus Whelan, Tony Briscoe agus Tom Beegan.

Déanann an grúpa seo athbhreithniú ar chúrsaí straitéise, beartas agus ceisteanna eile a gcuirtear faoina mbráid, agus cuireann siad comhairle ar an mBord. Chomh maith leis sin, socraíonn siad pá de réir feidhmíochta an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin.

ISBN 1-84496-040-4